


SCÁTHLÁN

Iris Chumann Staire
agus Seanchais
Ghaoth Dobhair



uimhir

1

Scáthlán



I NDILCHUIMHNE AR AN CHÚIGEAR
A BÁTHADH SA TUILE
LÀ FHEIL MUÍRE 1880.

NÍALL Ó DOCHARTAIGH, *MACHAIRÉ CHLOCHÁIR*
CONALL Ó BAOILL, *INIS MEÁIN*
ANNRAOI Ó GALLCHÓIR, *MACHAIRÉ CHLOCHÁIR*
GRÁINNE NIC GAIRBHÍTH, *AN CHARRAIC*
SEAMAS Ó FEARRAIGH, *SRATH NA CORCRA*

"TABHAIR TARRTHAIL ORM, A THIARNA
TAIM' MO BHÁTHADH I NDOIMHNE NA
DÍLEANN AGUS AN TUILE MO
SCUABADH AR SHIÚL."

SALM 69.



Cumann Staire agus Seanchais
Ghaoth Dobhair

Tiomnaímid
an chéad eagrán seo
den

Scáthlán

i gcuimhne
an chuígear a báthadh
sa tuile

Lá Fhéil' Muire 1880

Arna Fhoilsiú ag an Chumann 1980

Cumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair

Uachtarán: Micheál Ó Gallchóir (Micí an Chóp).

Cathaoirleach: Seán Ó Gallchóir (Johnnie Sheáin).

Rúnaí: Máire Mhic Niallais.

Cisteoir: Muiris Ó Fearraigh.

Eagarthóirí na hirise: Seán Ó Gallchóir, Seán Mac Niallais.

Tá an Cumann flor-bhuíoch dár scríbhneoirí — gan a gcuidiú ní bheadh iris ann. Buíochas festa dóibh sin a thug grianghrafanna agus do na clódóirí, Donegal Democrat, Béal Átha Seanaigh.

Cumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair

Ballraíocht bliana : £1.00

Tig cóip de **Scáthlán 1** a fháil fríd an
phost ach £1.70 a chur chuig:

AN tEAGARTHÓIR,
AN SCÁTHLÁN,
DOIRÍ BEAGA.

Ónár nUachtarán

Nuair a chuala mé go raibh rún ag muintir na háite Cumann Seanchais a chur ar bun anseo i nGaoth Dobhair, bhí mé thar a bheith sásta nó chonacthas domh i gcónai go raibh saibhreas mó� staire agus seanchais anseo agus in áiteacha eile, saibhreas a bhí i gcontúirt a chailte mura ndéanfaí dícheall móra lena chruinniú agus a chnuasacht sul a gcaillfí ar fad é. Ar an drochchair, táimid mall ag dul i gceann oibre nó tá cuid mhór mhór caillte cheana féin. Cailleadh stór agus saibhreas scéalaíochta agus ceoil agus filíochta agus sean-staire nuair a d'imigh na seandaoine a raibh sin acu. Nuair a fuair na seanchaithe bás, níor fhág siad oidhre ar a maoin agus níl ann anois le cruinniú againn ach na ceannógaí corra atá fágtha indiaidh an fhómhair throm a chuaigh amuga.

Ach má's mall is mithid. Na ceannógaí féin, is maith is fiú a gcuinniú agus sin go díreach an obair atá an cumann úr seo againne a chur roimhe—cruinniú agus cosaint a dhéanamh ar a bhfuil fágtha de sheanchas agus stair an phobail go fóill agus sin a chur ar shlá a shábhála agus a chur i dtaisce don ghlún óg agus do na glúnta a thiocfas ina ndiaidh.

Ach ní don am atá le theacht amháin is ceart dúinn a bheith cúramach coimheádach fa sheanchas na paróiste ach dúinn féin uilig idir óg agus shean san am i láthair.

Is maith linn uilig aithne agus eolas a chur ar dhaoine coimhthíocha agus ar thíortha coimhthíocha ach ní smaointíonn muid ar chor ar bith aithne agus eolas níos fearr a chur orainn féin agus ar ár gceantar féin agus tuigbheáil níos fearr a fháil ar an mhuintir a chuaigh romhaínn agus ar an tir agus an saol as a dtáinig muid.

De réir mo dheardadh-sa, sin anois cuid den obair a bhéas an cumann seo a chur roimhe, eolas níos cruinne agus níos ionláine a chur ar an mhuintir a tháinig romhaínn, sa dóigh gur fearr an aithne agus an t-eolas a bhéas againn orainn féin dá bharr sin. Go n-éirí go geal leis.



Clár

Leath

Eagaralt	7
Ár Scribhneoirí	7
An Saol in Oirtheor Ghaoth Dobhair 1830-1880 Dónal P. Ó Baoill	9
Lá an Bháite	
Pádraig Ó Gallchóir	27
Lá na Tuile — Seán Ó Gallchóir	33
Brúidiúlacht agus dishealbhú Seán Mac Fhionnlaoich	41
The Gweedore Case An Dr. Seán Ó Síoda	47
Cuimhniú Lá na Tuile 15.8.1980	55
Aguisín	65

EAGARALT

Níl Cumann Staire agus seanchais Ghaoth Dobhair ach óg go fóill. Seo an chéad iarracht againn ar chuid de scéal an phobail a chur i scríbhinn. Tá cinnteacht agus buaine ag baint leis an fhocal scríofa nach bhfuil leis an fhocal béis. Tá súil againn tuilleadh blúirí a fhoilsiú de réir a chéile agus b'fhéidir go spreagfaí duine éigin le stair chuimseach an phobail a scriobh amach anseo.

Is ar shaol agus eachtraí cáiliúla na naoú haoise déag atá aird na hirise seo dirithe agus béim faoi leith ar an tubaiste tragóideach sin a bhfuil a chuimhneachán céad ann i mbliana—lá na Tuile.

Is ar an stair shoisiálta atá alt Dhónaill Uí Bhaoill. Daorsmacht pholaitiúil atá faoi chaibidil ag an Athair Ó Sioda agus toradh eacnamúil an daorsmachta sin is ábhar d'alt Sheáin Mhic Phionnlaoich. Tá pictiúr glinn de bhlianta fada na fulaingthe folaithe in ainm na hirise féin.

Paróiste stáiriúil an pharóiste seo againne. Tá ár dteanga, ár gcreideamh, ár gcultúr fite sa stair sin. Tá súil againn go ndéanfaidh Scáthlán a sciar bheag féin le na gcaomhnú.

ÁR SCRÍBHNEOIRÍ

1. An Dochtúir Dónall P. Ó Baoill as Mín an Chladaigh atá ag obair san Institiúid Teangeolaíochta i mBaile Átha Cliath.
2. Seán Mac Phionnlaoich iar-oide scoile, as Oileán Ghabhla ó dhúchas atá ina chónai ar an Bhun Bheag.
3. An Dochtúir Oirmhinneach Seán Ó Sioda as an Chraoslach ó dhúchas a chaith tréimhse i mbun taighde i gCóláiste na nGael sa Róimh. Tá sé anois na shéiplíneach i Srath an Urláir.
4. Seán Ó Gallchóir iar-oide as an Mhachaire Loisce atá ina chónai ar an Choiteann.
5. Pádraig Ó Gallchóir (nach maireann) as Machaire Chlochair, a bhí ina chigire scoile agus a chónaigh i mBaile Átha Cliath.
6. Pól Mac Giolla Easpaig—a dhearaigh an clúdach—ealaíontóir as Srath na Corcra atá ina chónai i mBaile Átha Cliath.

An Saol In Oirtheor Ghaoth Dobhair 1830-1880

Dónall P. Ó Baoill

Chan fhuil rud is fearr damh a dhéanamh, ó tá muid ag cómoradh na tubaiste i dteach pobail Ghaoth Dobhair sa bhliain 1880 nó cuntas a thabhairt ar an tsaol a bhí in oirtheor Ghaoth Dobhair sna leithchéad bliain roimhe sin. Bhéarfaí sin barúil éiginteach dúinn ar an aigne a bhí ag na daoiní bochta a bhí i láthair ag Aifreann Dé, Lá Fhéile Muire Mór, 1880 agus ar an dóigh a bhféadfadh sé luí ar a n-intinn agus marc a fhágáil ar a n-iompar agus ar a gcreideamh.

Beidh trácht agam anseo ar an dúithche bheag sin a luigheann eadar an dá chnoc iomráiteacha sin, **Cnoc Fola** ar an phointe thiар thuaidh agus **Cnoc na Naomh** dhá mhíle nó mar sin soir uaidh. Istigh sa ghleann sin idir an dá chnoc tá na bailte seo, **Mín an Chladaigh** agus suas uaidh **Gleann hUalach**, **Leath Cáite** ar bhruach thíos na farraige agus ag síneadh suas uaidh **Port Uí Chuireáin** (is minic a roinntear an baile sin ina dhá leath go logánta, **Bun an Inbhir** ar an chuid iochtarach dó agus an **Curaín** ar an chuid is uachtaraí dó) agus **Glais an Chú**. Tá mé ag scríobh an ainm dheireannaigh sin mar a deir muintir na háite é ach is minic argáil fá dtaoibh dó gur **Glais an Dobharc (h)** ú a ainm ceart. Is soiléir ó na hainmneacha sin féin gur daoiní, a rabh Gaeilge eile acu thaire mar atá ag na daoiní atá ann anois, a chum na logainmneacha céanna. Ach bíodh sin mar atá go fóill.

TEACHT NA nDEORAITHE

Ceantar óg go leor an áit seo atá faoi chaibidil againn. Is i **Mín an Chladaigh** is luaithe a lonnaigh daoiní thart fán bhliain 1670 agus tá siad ag teacht agus ag imeacht leo ann ó shoin. Céad bliain ina dhiaidh sin a tháinig an chéad deoraí go **Glais an Chú** agus rann sé an dá bhaile eile sin **Leath Cáite** agus **Port Uí Chuireáin** ar bheirt fhear a phós beirt dá thriúr níonach. Is ag brath ar an bhéaloideas is mó atá muid le heolas den chinéal seo a chur inár láthair agus is maith an t-eoláí é. Ach is minic anois is arís go bhfaighidh muid cuntas oifigiúil as cearn éiginteach nó ó

shéadaí a thug an turas tuirseach air féin fríd abracha agus phortaigh an larthuascirt. Agus is mar sin a casadh Pococke, fear uasal as Sasain, inár measc sa bhliain 1755. Dúirt sé nach rabh na bealaí ar caoi ach iad lán abracha portaigh agus slogtháí a rabh na beithigh a bhí leis ag gabháil go bolg iontu. Luaign seisean, ag pointe, ar féidir a bheith cinnte dó go rabh sé ag amharc síos an gleann, go rabh 'village' nó clachán le feiceáil aige thíos ar bhruach na farraige. Badh é **Mín an Chladaigh** an 'village'. Tugann an méid sin cinnteacht dár gcuid dátaí. Luaign mo dhuine fosta go rabh cábán le feiceáil aige ('cabins' a thug sé féin orthu), agus gur ghnáthach leo dhá dhoras a bheith orthu, iad díreach os coinne a chéile. Bhíodh ceann acu i gcónaí druidte.

Is bocht an scéal é mar sin go rabh an 'príomhbhóthar' idir **Dún Fionnachaidh** agus na **Cealla Beaga** chomh holc sin nach bhféadfadh capall siúl air. Dheomhan mórán níos fearr a bhí na bóithre céad bliain ina dhiaidh sin dá mba rud é gur phill Pococke. Is é an chuma a bhí ar na bealaí an uair sin, 1752, iad 21' ar leithead agus graibheal agus clocha ar 14' don lár acu. Cha rabh aon bhealach ceart eile sa dúthche seo a bhfuil muid ag cur síos air go dtí aimsir an tSagairt Mhic Phaidín i ndeireadh na naoú haoise déag. Cosáin choise is mó a bhí ann agus is orthu sin fosta a shiúileadh na beithigh mar gur beag carr a bhí san áit.

AN DAONRA

Ceantar bocht a bhí sa ghleann seo nó cha rabh ann ó thús ach caorán agus portach dearg a ndearnadh míneadas air. Fágann sin gur dhoiligh barr maith ar bith a bhaint as agus idir sin agus na gortaí a tháinig go tiubh san áit i lár na naoú haoise déag, bhí ampla agus anás go minic ar na daoiní. Seo mar a bhí an daonra san áit sna bliantáí 1841 agus 1851.

	Daonra	Fir	Mná	Toithe Cónai
Mín an Chladaigh	1841	77	85	27
	1851	83	80	29
Ghais an Chú	1841	27	27	9
	1851	77	70	23

De réir luacháil faoi Dhliomh na mBocht 1851, gearradh £26:14:0 ar **Mhín an Chladaigh** agus £23:17:0 ar **Ghais an Chú**.

Tá a scéal féin le hinse ag na figiúirí sin thuas. D'fhan an daonra i **Mín an Chladaigh** buan ach tharla ardú sonraíoch ar an méid daoiní a chuaigh a chónaí i **nGhais an Chú***. Is é an chuma atá ar an scéal gur theith cuid mhaith daoiní as áiteacha eile le linn an ghorta le cur faothu sa ghleann seo. Char mhaith an tuar daoiní a theacht in am a rabh scáth trom ar Éirinn ach is dóiche gur mhór an cuidíú iad le talamh portaigh a thabhairt chun míneadais — rud a thug álmear do thiarnáí santacha cáin agus cíos a ghearradh orthu gan mhoill ina dhaidh sin. Badh é an preáta túis agus deireadh a gcpoda sna bliantáí seo agus nuair a thagadh dadaidh laige orthu, bhí siad san fhaopach. Mar sin a bhí i 1847 agus arís gach uile bhliain de na bliantáí 1854-1858. D'fhág sclábháiocht na mbliantach sin a long go tréan ar an dúthche seo agus beidh muid ag caint air níos moille.

Ach le tuairim a thabhairt duit fán sórt curaíochta a bhíothas a dhéanamh san áit seo, traidhfíil beag figiúirí as ceantar toghchánaíochta **Mhín an Chladaigh**. Tá 7-10 de bhaillte i gceist sa cheantar seo chomh maith leis na cinn atá faoi chaibidil againn san aiste seo.

Coirce	Eorna	Seagal	Preátaí	Turnapaí	Glasraí Eile
306	76	36	91	9	11

(Iomlán: 529 Acaire)

Is beag ar fad an méid preátaí a bhíothas a chur i gcomparáid leis an eorna. Bhaintí úsáid aisti siod ar ndoighle le póitín a dhéanamh.

**Glais an Chú a thugtar go hoifigúil ar na trí bhaile Leath Cáite, Port Uí Chuireáin agus Glais an Chú, agus is mar sin is ceart na figiúirí a léamh i gcáipéisí stáit.*

BLIANTAÍ AN GHORTA MHÓIR – BIA FARRAIGE

Níl cor is mó i gciníúint ár dtíre ná an Gorta Mór. D'fhág sé a lorg ar achan áit agus ar achan duine agus char leisc leis gan scuaid bheag a thabhairt ar an gheann seo chomh maith. Bhí go leor preátaí beaga curtha i dtaiscídhe ag muintir na háite sa bhliain 1846 — sceidíní a thugadh siad féin orthu — ach i ndiaidh a gcur an bhliain sin, bhuail scimleadh damanta na daoiní agus b'éigean a mbaint arís agus a n-ithe. D'fhág sin ar an anás go maith iad agus is ansin a thug siad a n-aighaidh ar an tráigh i gceart, a bhaint chnuasaigh. Bhí fairsingeach de achan chineál le fáil fán chladach acu agus is ann a chaitheadh an chuid a ba mhó acu an lá ó Earrach go Fómhar agus amannaí eile nach iad. D'itheadh siad dúlamán san Earrach — bia searbh le caitheamh ach bhí sé maoite go nglanfadh sé an corp. Bia breá Geimhrídh a bhí sna **faothógaí** agus sa **tslóc** — **slóc sleamhain** mar a bheadh ribeacha do chinn ann agus **slóc sliogánach** a fhásas ar shliogán dhubha. Sa tSamhradh d'fhásadh **creathnach** ar na sliogáin chéanna a mbíodh an **slóc sliogánach** orthu sa Gheimhreadh. Ar ndoighle bhí an **duileasc** agus an **béardach (carraigín)** fairsing fostá sa tséasúr seo agus bhaintí ina mórthaí achan chuid acu. Cha rabh le déanamh ansin leo ach a dtromú agus a gcur i dtaiscídhe i gcúl na binne ar an teas, le bheith ag baint garalochta astu i rith an Gheimhreadh. San Fómhar bhíodh an **bháirneach** i séasúr agus níl bia is deise ná í le fáil ar na creagacha. Is é an rud a deireadh na daoiní, a bhíodh mar rámas cainte agus an bháirneach san Fómhar — “*Ná maraigh mise agus mo mhoiltín Fómhair go haoibhinn ar mo dhroim*”. Ba ionann an moiltín Fómhair agus an chrumhóg bheag, chruinnidhubh a bhíos go díreach taobh istigh de bhlaosc na báirní.

GNÁSTAÍ EILE

Bhí dhá ghnás eile acu san am seo a chur cosc ar an ocras a bhíodh orthu agus ba mhiniac a shábháil na gnástaí céanna iad bliantaí go leor eile fostá. Bhain ceann de na gnástaí sin leis na scaileogaí breátha leathaigh a thagadh isteach fá thír leis an doineann gach uile am sa bhliain. I measc

an leathaigh sin bhíodh píosaí móra garbha de dhuileasc — **rapán** an t-ainm a bhaist na daoiní air.

Ba mhinic mar sin ag scaradh an rapán agus an leathaigh ó chéile iad — ag baint úsáide as an leathach mar sheanleas ar an talamh agus ag triomú an duilisc mar leas coirp agus beatha. Bhí cineál eile bidh a thagadh isteach fá na cladaigh agus nuair nach dtugadh is minic a bhaineadh na daoiní iad féin iad le uirlís a dtugadh siad **corrán cire** air. Corrán a bhí san uirlís seo a rabh fiacla mar a bheadh cíor ann. **Cosa bliathar** a thugadh na daoiní ar an bhia atá i gceist anseo. Cosa iad seo a rabh feamnach de shaghás ar leith ag fás orthu agus is minic a scaití leis an doineann iad. Thriomaítí iad agus chuirtí i dtaiscídheadh iad thusaí **sa chúpla agus san áraidh** sna seantóithe ceanntruí. D'ití iad leis an dinnéar nuair nach mbíodh an lann ar bith eile ag na daoiní, agus bia milis a bhí iontu. Cha déantaí aon chócaireacht eile orthu ach iad a ithe tirim mar a bhí siad. Chan fhuiil feidhm damh a rá go rabh an t-iasc fairsing forsta agus gur iomaí bairille de iasc shaillte a bhíodh i ngach teach.

ÚSÁID AN CHOIRCE

Bhí an-tóir ag na daoiní ar choirce mar gur iomaí tráth a bhí siad ábalta ar a bhaint as. Mheiltí é le min choirce a dhéanamh, as a ndéantaí arán coirce agus brachán. Mheasctai taosc uisce ghalaigh agus mine coirce le chéile i dtobán, i bpota nó i mias deilf. Nuair a bhíodh sé meascáil i gceart ansin chuirtí ar lic nó ar iarann a dtugaí an **crosán** air é agus d'fhágtaí leis an tine é go dtí go mbíodh sé go cruaidh le cloich. Bhí sé géar ar na fiacla ach mar a deir an seanfhocal — “*an rud a bios géar nó searbh ag an bhéal bidh sé milis ag an taobh istoigh*” agus mar sin don arán choirce. Bhí an t-arán seo an-mhaith ag goile a bheadh coscraí ag oibriú farraige agus bhíodh toirtín beag dó le achan duine a théadh chun na farraige nó a d'imirce. Nití brachán as an mhín choirce seo agus bhíodh an brachán céanna ag bruith 3 huaire a chloig san oíche. Is san oíche forsta a ba ghnáthach leo an brachán a ól agus chan ar maidin mar atá i dtóithe na n-uasalanois. Is i bhfad i ndiaidh am an drochshaoil a tháinig an mhín bhuí as a ndéantaí arán buí. Ba ar phananáí béal oscailte a ba ghnáthach na sconannai seo a dhéanamh. Ba as an ghrán bhuí atá ag fás go fairsing sin i Meiriceá a mheiltí an mhín bhuí seo. Do na ceárca is mó is doicé a thabhairt ar na saoltaí deireannacha seo.

Bhí deoch eile a rabh an-tóir acu air — **cáthbhruith**. Deoch í nach rabh aon iontas uirthi le blas. Chuirtí **craiceann** nó **colg** an choirce i ndiaidh a mheilte in uisce go dtí go ramhrachadh sé. Ansin chuirtí síos ar an tine é agus is ansin a ramhraíodh sé i gceart agus nuair a bhíodh sé bruite d'óltaí an **cháthbhruith**.

ÚSÁID NA bPREÁTAÍ

Ba mhór meas na ndaoiní ar na preátaí nó is orthu a bhí a mbeo ag brath. Is minic a bhíodh ar bhean an toighé éiri ar a sé a chlog ar maidin nó amannaí, b'fhéidir, roimhe águs pota mór preátaí a chur síos a bheadh réidh fá choinne an teaghlaigh nuair a smaoiteachadh siad ar éirí idir sin agus a hocht a chlog. Bhí daoiní ann a mbíodh preátaí acu 3/4 huaire sa lá. Ba ghnáthach leo forsta an-dúil a chur i bpreátaí rósta — **teallachán** a

thugadh siad air an chineál seo. Chuirtí crap breá de phréataí fuara i mullach a chéile in áit na tineadh — ansin chuirtí clúdach aibhleogáí anuas agus thart orthu agus thugtaí bruith ar dóigh daobhtha. Dá mbíodh scadáin acu le hithe leo ba ghnáthach a rósadh ar ghrideall nó go minic féin ar an mhaide bhriste. Ba bhreá a théadhl an dá chuid le chéile agus san oiche is mó a d'ítí na teallacháin seo agus dheomhan duine a chur siad ó chodladh na hoíche! Bhí sé de bhuaigh ag an chuid seo cócaireachta gur chuma goidé an cineál preátaí a bheadh agat go bhfágfadh an tine agus an teas tirim go croí iad. Is iomaí uair cheana nach mbíodh aon iasc acu leis na preátaí ach salann agus bainne (agus corrúair piopar) a mheascadh siad fríd a chéile. **Scadán caoch** a bhaist siad ar an anlann seo.

Nuar a bhíodh na preátaí á n-ithe chan ag an tábla a ba ghnás leo suidhe ach thart ar an **losaid**. Déanta as adhmad a bhíodh an losaid go minic ach bhíodh go leor acu déanta de shlatacha saileoige. Chaití na preátaí isteach inti i ndiaidh a silte. Chuirtí cib bith anlann feoil, sú no iasc isteach i mias nó i mbabhal mór agus d'fhágtaí síos go deas i lár na losaide é. Lena gcuid méara is mó a níti an t-itheachán ach amháin ag ól shú nó a leithéidí. Cuimhnigh ar an tsamhailt sin — drong iomlán ag ól as an aon árthach amháin — diabhal mórán mairge a rinne sé orthu!

Cha dtig linn na preátaí a ligean thairinn gan focal a rá fán **bhoscstaí**. Is minic caint ar an tráth seo. Ghlanntaí na preátaí agus ansin bhaintí an craiceann daobhtha. Bhí acara ansin acu — bhíodh ceann i ngach teach go fiú — ar a dtugtaí an **scríobán**. Scríobfaí na preátaí ina slisne agus ba mhó a ba chosúil le huisce frogall an rud a bhíodh agat. Thriomaíti iad ansin agus dhéantí toirtín astu. Chaití beagán salainn air agus leagtaí síos ar an phan é — pan foscailté. Ba chosúil le bonnóg aráin é ansin nuair a bhíodh sé réidh. Bhí an bia seo trom ar an ghoile agus chan achan duine ar fhóir sé dó. Is minic féin nach mbíodh aon scian cheart acu le rudaí a ghearradh ach scian ar a dtugtaí **scian corráin**. Tá a mhíniú féin san ainm.

UIRLISÍ EILE

Is beag trioc a bhíodh fá theach ar bith i lár na naoú haoise déag nó go ceann fada ina dhiaidh. Soithigh beaga adhmaid a bhíodh acu agus ba mhiniac lámh in airde astu le breith orthu nó lena n-iompar. **Gogáin** a bhíodh acu ag ól tae nó bhainne. Cupán adhmaid a bhí ann a rabh fonna beag air. Bhí acara ann a rabh **stópa** air le huisce a iompar. Bhí an béal níos cumhainge aige nó mar a bhí an tóin agus d'fhágadh sin nach rómhinic a dhóirtí an t-uisce as. Bhíodh tobáin bheaga acu a gcoiníti bia cearc agus ainmhíti eile iontu — **piginí** a thugtaí orthu. Ba ghnáthach an maistriú a choinneáil i dtobáin — **tobáin bhána** a baisteadh orthu. Bhíodh dhá chluas orthu agus nuair a chuirtí an clár orthu chuirtí dhá spáinn nó dhá ghiota bheaga giúise síos sna cluasa ar eagla go dtiocfad an cat ar an uachtar. Ba mhiniac nach mbíodh dadaidh sholais acu ach píosa de mhaide giúise síáite sa tinidh. Bhí cuid acu a rabh gléas beag acu a shuíodh ar an bhac agus a thugadh solas uaidh. **Cam(annaí)** an t-ainm a bhí ar an ghléas seo. Sórt d'aireagal chuarach, macasamhail taobh pota a bhí sa **cham**. Ola rón a chuirtí isteach ann agus bhíodh píosa de adhmad éadrom nó d'éadach crochta amach as agus blaiddre air.

TOITHE AGUS GLÉAS BEATHA

Toithe fada ceanntú a bhí ag na daoiní — cuid mór, cuid beag, acu. Bhíodh leabaidh théastair sa chistinidh agus bhíodh túis áite ag an lanúin a ba shine ar luí sa leabaidh sin. Bhíodh seomra suas sna toithe ar fad — an seomra a bhíodh i gcúl na tineadh agus is ann a ba dhóiche an chuid eile den líon toí codladh. Bhí go leor de na bochtáin nach rabh acu ach bothóg nó bráca de theach. Bhíodh déanamh cearnógach nach mór ar an chistinidh agus bhíodh píosa daoithe ag gobadh amach níos faide ná an chuid eile. Is isteach san ascaill seo a chuirtí an leabaidh ard. Síos ón leabaidh a bhíodh an driosúr. Thíos i gceann an toighe bhíodh na hainmhití uiligr ceangailte agus na cearca thusas ar aradh ós a gcionn. Lóib liathghorm a bhíodh ar an urlár agus amannaí leacacha a mbíodh spásanná móra eatarthu. Bhí doigh dheas acu leis an urlár a chothromú — na páistí uiligr san áit a chruiinníu isteach agus iad a bheith ag siúl síos agus aníos air go mbíodh sé chomh cothrom le clár ag na cosa tárrnochtaí. Is minic a bhíodh an tine i lár an toighe agus gearradh toite thusas sa díon — char ghnáthach leo aon simléir a bheith ar na toithe fada go leor acu. Giúis ar fad a bhí mar dhíon ar an teach agus **muiríneach** a bhaintí ar an dumhaigh i Machaire Rabhartaigh a bhíodh mar thuí air. Bhíodh tábla agus b'fheidir cúpla stól sa teach ach chan rómhinic a bhíodh cathaoireacha ann. Bhí dúil mhór acu clocha cruinne cladaigh a chur in áit na tineadh agus taobh amuigh den doras. D'fhóir seo go breá do mhuintir na háite seo ná bhí doirling breá acu i Mín-A-Chladaigh le tarraingt as. Ón taobh istoigh a ba ghnáthach an doras a dhruid — bhíodh poll air agus **rúog** crochta as agus nuair a tharrainneochfá *an rúog thógfadh sí an bolta a bhí taobh istoigh. Ba mhinic dhá chomhlaidh ar an doras — comhlaidh bheag leis na cearca a choinneáil amuigh agus doras mó le achan rud eile a stad ó theacht isteach.

AN BUAILTEACHAS

Is é an chiall a bhí le buailteachas sa tsean am — daoiní agus ainmhití imeacht leo óna n-aitreabh dúchais go láthair éiginteach eile. Théadh muintir na mbailteach seo ar féarach lena gcuid eallaigh suas go **Cnoc Fola** agus go bun **Thaobh an Leithéid**. I rith an tSamhraidh a bhíodh siad ann agus ba ag déanamh ime an jab is mó a bhíodh acu. Chuirtí an t-im sin i bhfircíní agus chuirtí sa chaorán é. Bhíodh súil acu lena úsáid am eile ach is minic a rinneadh dearmad cá rabh go leor den im curtha agus tháinigtheas trasna ar chuid dó ó shoin. I Mín-A-Chladaigh bhí gnás eile acu fhad agus a bhí an daonra íseal — thagadh muintir an bhaile fochtaraigh (i gcois na farraige) go dtí an áit a rabh cóináir ar an chuid eile de na daoiní agus dhéanadh malairt toithe agus áite leo gach trí bliana. Mar sin a b'fhearr leo é ar túis nuair a bhí an dream ar fad muintireach dá chéile ach nuair a chuaigh líon na ndaoiní i méid chaith siad uathu an gnás. Is é an chúis a bhí leis an aistriú seo gur mheas na daoiní go rabh talamh níos fearr i gcuid amháin den bhaile ná sa chuid eile agus bhí siad ag iarraidh ná buntáistí a roinnt cothrom. Ach lean siad orthu ag cur an eallaigh chun an tsléibhe i ndiaidh am eadraidh gach lá, fiú anuas go dtí lár an chéid seo.

Bhí doigh eile acu le bia a sholáthar ar buailteachas cé gur dóiche

gur beag an meas a bheadh againne air inniu. Is é an cleas é ful a ligean as muineál an eallaigh agus í a mheascadh le min choirce agus an dá rud a ithe mar sin. Sa tSamhradh nuair a bhíodh an t-eallach in ordú mhaith a ligeadh siad an fhuil le urlís bheag a dtugadh siad **tua(igh) chuisle** uirthi. Bhí an **tua(igh) chuisle** an-bheag agus lann bheag ghéar inti. Míníonn a hainm an áit ina mbuailtí í leis an fhuil a reáchtáil. **Stailpín** an t-ainm a baisteadh ar an mheascán seo de fhuil eallaigh agus de mhin choirce.

CÓRAS AN TALAIMH

Tógaigh na chéad toithe san áit i bhfoirm **clachain**, -4/5 de thoithe i gcuideachta agus iad casta in achan treo. Bhí seo ina chuídeadh mhór acu ar túis ach de réir mar a thosaigh siad ar cur talaimh, tharraing an modh oibre seo achrainn go leor. Badh iad na clearca agus na mná a tharraing an troid. Chan ag lochtú na mban atá mé ach gurb iad a bhíodh fá bhaile agus nuair a théadh na clearca sa treabhair gurb iad na mná a bhíodh ag scamhlóir ar a chéile. Mar sin le muintearas a choinneáil b'éisgean plein a leagan amach agus ba bhreá an plein é. Smaoitigh siad gur bhreá an rud é dá bhféadfadh siad **na clearca a chur ar buailteachas** fostá cosúil leis an eallach. Agus sin an rud díreach a rinneadh — thóg siad bothógaí cró daobhtha ar imeall an chaoráin agus fágadh ansin iad i rith an tSamhraidh agus amannaí i rith na bliana. Bothógaí fód a bhí iontu seo agus ceann giúise agus scrath orthu. **Sciathógaí de ghiúis** nó de **shlatacha éadroma** nó go fiú de **chochán pleatáilte** a bhíodh mar dhoirse ar na bothógaí seo. Is minic a thugadh an madadh rua cuairt ar na bothógaí seo agus mar sin cuireadh plein eile i bhfeidhm, gan an doras a fhoscladh ach poll beag a dhéanamh air leis na clearca a ligean amach — **an lindéir** a thugtaí air. Cha bhíodh dul ag an mhadadh rua a ghabháil isteach ar an pholl seo. Bhíodh **aradh** sa bhothóig a suíodh na clearca air. Chuirtí abar úr isteach faoin aradh achan bhliain agus mheascadh seo go breá le aoileach na gcearc agus bhaintí úsáid as mar leas talaimh.

TEACHT NA dTIARNAÍ AGUS NA gCAOIRIGH SLÉIBHE

Cheannaigh John Obins Woodhouse, Aturnae agus fear uasal, Mín-A-Chladaigh, Áltán, Toraigh, Inis Big agus Oileán Duthaigh sa bhliain 1844. Ag duine éiginteach as Albain a bhí sé roimhe sin ach dheomhan ar bhuir sé a cheann leis. An tOlphartach a rabh cónaí air i mBaile Chonaill taobh leis an Fhállacharrach, a bhí mar thiarna ar Ghais an Chú agus ar na bailte eile atá faoi thrácht againn anseo. Bhí áiteacha cónaí ag Woodhouse i mBaile Átha Cliath, i bPort an Dúnáin agus ar an Cheathrú Chaoil agus leabharlann mhór in Omeath Park, Contae Ard Mhacha, sílim.

Bhual talann rabharta na tiarnaí ar fad a bhí i dTír Chonaill sna blianta díreach i ndiaidh an Ghorta Mhór agus shocraigh siad dhá ghnás a bhí forleathan go maith ag na daoine a áthraich: (a) an córas a bhí acu fárannt an talaimh a chur ar neimhní — **Córas an Rundale** a bhaist daoiní eolacha air ina dhiaidh sin agus (b) bail a chur ar na toithe, go háinid doirse agus fuinneogaí a chur iontu agus an charn aoiligh a dhéanamh píosa measartha amach ón teach cónaí agus dá thoradh sin boithigh a thógáil a bheadh scartha amach óna toithe cónaí. Tharraing an dhá

phlean oibre seo racán go leor ar thiarnaí Ghaoth Dobhair agus badh é a dheireadh gur cuireadh an dlíodh orthu agus pléigheadh an cás uilig sa House of Commons i rith an tSamhraidh 1858.

CÓRAS AN RUNDALE

Seo an t-ainm a baisteadh ar an ghnás talamh a rannt go mion idir clann nó gaolta dhuine i ndiaidh a bháis nó amannaí le linn a bheatha. Is é an rud a tharraing an iaróg go mbíodh píosaí talaimh ag daoín meascaithe fríd thalamh duine éigirteach eile. Is minic i gcuibhreann amháin go mbíodh talamh b'fhéidir ag cúigear nó sheisear. Bhíodh orthu a ghabháil isteach fríd threabhaire an duine eile le ghabháil fhad lena gcuid curaíochta féin. Tharraing seo troid agus achraann go minic agus chuir sé obair an talaimh ó rath mar go rabh na píosaí a bhí ag daoíní chomh beag sin nach bhféadfaí toradh Rathnasach a bhaint as. Bhí baint mhór ag cúrsaí cleamhnais leis seo agus badh é an **cruth** a thugtaí do chailín a bhíodh ag gabháil a phósadh go minic — píosa talaimh, mar go mbíodh an t-airgead gann. D'fhan an scéal seo gan réiteach ar feadh i bhfad go dtí go dtáinig **Bord na gCeantar Cúng** ar an tsaoil i ndeireadh na naoú haoise déag.

Seo mar a bhíodh tomhais an talaimh acu:

Féarach bó = 2½ acaire de thalamh mhaith agus níos mó de dhrochthalamh.

Féarach ½ bó = leath an méid atá luaite thusa le Féarach bó

Féarach ¼ bó = ceathrú an méid a luaíodh thusa le Féarach bó

Crúb bó = 1/8 cuid don méid atá luaite thusa
le Féarach bó amháin.

Shocraigh na tiarnaí ansin an talamh a rannt sa dóigh go bhféadfadh siad féin cuid de a choinneáil agus stoc a chur air. Sin an cineál rud a mbíodh siad ag briónglóidigh air go luath i ndiaidh 1850. Chuir siad a bplean i ngníomh agus áit ar bith a rabh sliabh fairsing, baineadh do na daoíní é. Chaill cuid tionóntaithe Mhín an Chladaigh suas le 1500 acaire dá gcuid talaimh ar an dóigh seo sa bhliain 1855. Char fágadh acu ach 475 acaire. Chuir seo deireadh ar feadh tamall leis an sórt buailteachais a luaij mé cheana féin agus b'éigean daobhtha a gcuid stoic a chonneáil fá bhaile. Sin an rud a chur dlúthas leis an nós a bhí go coitianta ann go dtí ár linn féin — **ag buachailléacht(t)** — páistí agus seandaoíní ag coinneáil súil ar an eallach thart ar an bharr a bhíodh curtha áit a mbíodh greim milis féir le hithe acu. Mhaireadh an coimeád ón 8:00 ar maidin go dtí an 1:00 i láir an lae — am an eadraidh nuair a bhílín na ba agus chuití ar áthraich féir iad go dtí an sliabh nó a leithéid. B'éigean don tiarna mar sin clái a thógáil idir talamh tionóntaithe agus an talamh a bhí sé féin a chlæimeáil. Tógaigh an clái agus tá sé suas le míle ar fad. Na daoíní féin a thóg é agus fuair siad £13:11:6 as an obair. Cha rabh cead ag beathach cheathair chosach ar bith a ghabháil trasna ar an chláí sin agus dá mba rud go deachaigh is í an cháin a bhí le gearradh 2d ar chaora agus 6d ar cheann eallaigh. An Clái Úr nó Clái Hanloin (an báillí) a baisteadh mar ainm ar an chláí seo.

ÁN TEACH MÓR

Badh é an gléas déanamh airgid a bhíodh ag na daoiní san am seo ag déanamh ceilpe. As leathach, as feamnach agus go háirid as scáth bhuí a thagadh fá Bhealtaine a dhéanaí an cheilp. D'fhéadfaí ar ndóighe í a dhéanamh as slata mara nó budógaí mar is fearr aithne orthu, forsta. Bhíodh na daoiní féin á díol. Smaoitigh Woodhouse ansin ó tharla Toraigh agus Mín an Chladaigh aige gur mhaith an rud dá bhféadadh sé áit le ceilp a dhéanamh a thógáil agus cáin a ghearradh ar na daoiní a bheadh ag baint úsáide as teach na ceilpe. Bhí fear i mbun na háite ag Woodhouse, fear a rabh Hanson mar ainm air. Shocraigh Woodhouse a theach ceilpe a thógáil i Mín an Chladaigh agus d'iarr sé air Hanson a ghabháil i mbun oibre air an tóbáil. B'éigean ar ndóighe an teach seo ar a dtug na daoiní an **Teach Mór** ina dhiaidh sin, a thógáil gar don fharraige agus le sin a dhéanamh b'éigean bealach a ghearradh fríd an bhaile. Is mar sin a rinneadh an bealach fríd an bhaile le dóigh a fhágáil ag na beithigh coirí móra a tharraing ón Bhun Bheag go híochtar Mhín an Chladaigh. Ocht gcinn de na damhaigh seo a tugadh go láthair an Toighe Mór — iad tonna méachain an ceann — 6 troithe trasna ina mbéal (cruinn a bhí siad) agus bhí ronnsa thart lena mbéal sa dóigh go bhféad-fadh duine siúl air fhad agus a bheadh sé ag obair ar an cheilp — a cur ar maos. **Coirí dearoga** a thug na daoiní orthu mar go rabh cúpla ceann fríothu a rabh iarann sínte iontu agus cuma dhearg air. Tosaíodh ar an **Teach Mór** ach char cuireadh deireadh ariamh leis. Bhí an-chuid coirneáil air mar theach. Chuir duine éiginteach scéala a bhí ina thaom-thám thart go rabh Woodhouse leis na daoiní a chur as a gcuid toitheach mura mbainfeadh siad úsáid as an **Teach Mór** leis an cheilp a dhéanamh. Badh é deireadh an scéil gur dhúirt na daoiní le Hanson go gcuirfeadh siad cos i bpoll leis mura stadfadh sé a thógáil an **Toighe Mór**. Bhuaile creathán beag eagla é agus d'imigh sé leis as an áit. Sa bhliain 1857 bhí an cheilp ar díol ar 5/- agus ar 6/- an céad méachain. An bhliain ina dhiaidh sin cha rabh sí ag gabháil ach 2/- an céad.

NA CUTANNAÍ ÚRA

Nuir nár eirigh le Woodhouse nó leis an Olphortach caoirigh a chur ar shliabh Mhín an Chladaigh nó Ghais an Chú, smaoitigh siad ar phlean eile — is cosúil gur sin eile a rabh ag cur chaithe orthu — ag smaoitiú ar phleanannaí úra. Badh é an pleán é an talamh portaigh a bhí gar don talamh curaíochta ar an bhaile a thaoscadh agus píosaí talaimh — **na cutannaí úra** — a dhéanamh as. Bhí eadar 4 acaire agus 12 acaire sna cutannáí seo. Ní tí díog as gach taobh do phíosa fhada portaigh agus chaití an fód a bhaintí isteach i láir. Chuirteí barr seagal de ghnáth ar an mheall seo. Bhí an seagal furast a fhás. Bhí cúis eile le déanamh na gcutannáí, le daoiní a chur a phósadh! Is cosúil go rabh leisc orthu pósadh. Bhí siad bratógach, lom, fuer. Bhí toithe nach rabh ag na mná uilig iontu ach culaithe amháin a bhféadfadh siad a ghabháil amach os coinne an tsaoil léithi. Cha rabh ag na fir ach veiste bheag báinín. Bhíodh orthu fanacht sa lom nuair a nítí í. Tá scéal ann fá shagart a chuaigh isteach i dteach a rabh ceathrar ban ann — agus slán an tsamhail nár fhéad oiread agus duine amháin acu a haghaidh a thabhairt ar an tsagart le náire fá na ceirteach scáinte. B'éigean dó imeacht as an teach sin gan

aghaidh aon duine amháin de mhuintir an toighe a fheiceáil. Agus mar sin a bhí go leor eile acu fosta. Ach mar a dúirt mé tugadh a gcás os comhair an **House of Commons** sa bhliain 1858 agus rinneadh é a phlé go mion. Tá cuntas againn ar ar dhúradh ann — scéal gránna fá raor. Nuair a maraíodh 425 caora bhrocach ar thiarnas Woodhouse eadar na bliantaí 1857-’61, gearradh £289:19:9 de cháin caorach ar cheantar toghchánaíochta Mhín an Chladaigh. Cuimhnigh gur ag Woodhouse a bhí **Altán** áit a rabh go leor caoirigh aige, agus is ansin a maraíodh an chuid a ba mhó don 425 a luaigneadh thuas.

Is beag toradh a bhí ar chás na dtiarnaí a troideadh sa House of Commons ach amháin go dtug sé uchtach do na daoine troid ina n-éadan. Fuair siad cuidiú breá ó na sagairt agus go háirid an Sagart Séamas Mac Pháidín i nGaoth Dobhair go gearr i ndiaidh an ama seo.

OIDEACHAS – AN SCOIL

Níl a fhios againn go díreach cá huair a thoisigh scoil Mhín-Chladaigh ach más fior ar dhúirt Pádraig Mac Cathaigh ina litir iomráiteach sa bhliain 1837, cha rabh ach scoil amháin i bparóiste Thulcha Beigle Thiar an bhliain sin (Gaoth Dobhair anois). Sílim, ó thagairtí a chonaic mé i leabhraí a bhaineann le ceantar Dhún Fionnachaídh gur in áit éiginteach gar do **Dhoirí Beaga** a bhí an scoil ag Padaí. Tá trácht sa phíosa a bhfuil mé ag tagairt dó fá bhealach a chóiriú i gcomharsantacht Dhoire Beag go dtí an ‘scoil’. Ach bíodh sin mar atá bhí scoil luath go leor i Mín an Chladaigh. Bhí sí ag feidhmiú mar scoil náisiúnta ón 31/3/1840. Bhí sí ag feidhmiú roimhe sin ach chan mar scoil náisiúnta. Is dóiche gur scoil scairte a bhí inti roimhe 1840. I lár na bliana 1840 bhí 43 buachaill agus 13 chailín uirthi. Múinteoir fireann amháin a bhí sa scoil ach cha luaitear a ainm, £4 an pháighe bliana a bhí aige. Is suimiúil an rud lón na gcaillín a bheith chomh híseal sin. Chan fhuiil fhios agam cad tuige? Tá tuairisc sa bhliain 1843 go rabh an scrioptúir naofa a léamh ag suas le 20. D’fhan an rolla díreach mar a bhí thuas sa bhliain 1840, go dtí gur smaoitíodh ar **Scoil Úr** a thógáil sa **bhliain 1847**. Smaoitigh air, **Scoil Úr** a thógáil san am is measa a rabh Éirinn. Bhíothas ag súil le 60 buachaill agus 40 cailín, seadh 40 cailín cib bith cá háit a rabh siad ina gcodladh eadar 1840-47 nuair nár fhreastail níos mó nó 14 chailín ar an scoil bláin ar bith. Seo an costas a bhí le bheith leis an scoil úr — **An Foirgneamh £66:13:4** agus **Trioc £7:10:0**. Chuir muintir na híte £37:1:8 le chéile le cuidiú le tógáil na scoile. **Ba mhór an méid airgid é bliain an drochshaoil!**

Is ar chuid talamh Woodhouse a rinneadh an scoil. Tugadh moladh dó féin agus do George Hill sa bhliain 1855. Tuairisceoir a bhí ag scriobh tuairisc ar scoltacha agus ar oideachas san lárthuaisceart a scriobh an moladh. Thug an bheirt láthair scoile má ba fhíor **amach as a gcineáltais croí!** Teach fada ceann tuí a bhí sa scoil. Arimeall an bhaile mar a bhí an uair sin a bhí sí. Is suas lena taobh a ritheadh **an bealach mór** 40 bliain ina dhiaidh sin. Tá sí le feiceáil go fóill — Coláiste Gaeilge Samhraidh i anois suas le seacht mbliana fichead. Thoisigh sí a thitim agus sa bhliain 1871/72 cuireadh 4 thaca leis na coirneáil aici agus tá siad le feiceáil ann go fóill. Tharlaigh eachtra an bhliain sin a d’fhág an dáta againn. Báitheadh daoine as Toraigh nuair a briseadh a gcuid curach i

stoirm. Tháinig cúpla corp isteach fá thír i Mín-A-Chladaigh. Duine acu sin a bhí i bPaidí Ó hOireachataigh a bhfuair eas a chorp sa scoilt nár tugadh ó shoin uirthi ach **Scoilt Phaidí Uí Oireachtaigh**. Tugadh a chorp go teach na scoile an áit a ba airde ar an bhaile ach nuair a chuaigh siad a dhíarraidh cead an corp a ligean isteach char tugadh daobhtha é. Bhí cuilcigh istoigh ag **déanamh poitín** sa scoil fhad is a bhí sí á cóiriú. Ach fá dheireadh nuair a thuig siad nach lucht an dli a bhí ann thug siad cead an corp a ligean isteach. Lasadh tine an tráthnóna nó an oíche sin agus tugadh freagra uirthi i dToraigh.

NA SCOLAIRÍ, AN MÁISTIR, AN CURACLAM

Chan fhuil mórán trúcht ar mháistir ar bith dá rabh sa scoil ach Padaí Mag Aodha. Sa bhliain 1869 a tháinig seisean ann agus chaith sé 17 mbliana inti. Ba as ceantar Chill Mhic Néanáin é agus bhí Gaeilic ó dhúchás aige. Bhí sé ina chónaí sa scoil bliain gan páighe ar bith (1871/72). '**Monaiteoir**' a bhí ann—duine nach bhfuair oiliúint 'cheart' ar mhúinteoireacht ariamh.

Badh iad seo na hábhair a bhí sé a theagasc: **Léamh, Scríobh, Uimhríocht, Lítriú, Gramadach, Tíreolas, Céimseata** agus **Triantánacht** agus níos moille **Obair Talaimh, Rangannaí 3/4/5 a níodh na trí hábhair dheireannacha**. Roimh an bhliain 1880 cha rabh ach scoláire amháin a chuaigh thar rang a IV agus chuaigh sé siod go rang a VI. Ba mhór an éacht i sin san am údáil. Cha dtéadh an chuid a ba mhó acu thaire rang a 3. Is é an locht is mó a bhí uirthi mar scoil nach rabh na páistí ag freastal na 100 lá a bhí riachtanach le iad tabhairt fá scrúdú a chuirfeadh ar aghaidh rang iad. Is minic nach mbíodh 20 as an 150 a bhíodh ar na rollaí a mbíodh cead acu an scrúdú a dhéanamh. Sin an gearán a bhíodh ag na cigíri ... 'the attendance being of a most irregular character'.

Bhí na cigíri anuas ar Phadaí Mag Aodha agus ba mhinic iad ag clamhsán fán dóigh a rabh sé ag teagasc na bpáistí. Seo píosa suimiúil as ar dhúirt cigire fán scoil sa bhliain 1886. Phioc mé an cuntas seo mar go léiríonn sé go leor tréithe a luaigneadh go minic sna 10 mbliana roimhe an dáta 1886.

"This school continues in a very unsatisfactory condition. Though there were 117 pupils on rolls on the last day of August, only 22 qualified by attendance for the Results Examination, **all of whom, with one exception** were in the Infants, First and Second Classes. **The exception was a girl who was examined in Third Class.**

This girl was the only pupil who could make an attempt at speaking English which she had learned—not in the School, but from her brothers and sisters who have been away from home at service. Indeed it is evident that the teacher gives instruction exclusively in Irish and makes no attempt at teaching the English language. The children examined in Second Class could not explain the simplest words in the book. Wherever this mode of teaching prevails in an Irish speaking district, I invariably find that the children make no progress; on the contrary, where a teacher

gives instruction exclusively in English or endeavours to teach English through the medium of the Irish, I find that the pupils improve rapidly in the knowledge of English while their knowledge of Irish, I am quite sure, does not suffer in the least....”

Is leiriú an méid sin ar an úsáid a bhí á bhaint as an scoil. Bhí deireadh an chéid ann sular tosaíodh ar an Ghaeilge a theagasc. Char scriobhadh aon tuairisc ó na cigiri i nGaeilge go dtí an 14/1/1924, cé go rabh na cigiri céanna ann 3/4 bliana roimhe sin.

NA CHÉAD DHOCHTÚIRÍ

Chan fhuil rud ar bith is mó a chuireann scáth ar lucht na tuithe ná acu le bheith le ghabháil chuig an dochtúir. Is cinnte go dtéann an doicheall seo i bhfad siar go dtí an t-am nach rabh dochtúirí ar bith i measc na mbochtán ach a gcuid daoine féin a bhíodh ag cleachtadh a gcuid órthaí féin.

Ar an 12ú lá d'Aibreán 1842, socraíodh ag cruinniú de **Cheantar na mBocht Dhún Fionnachaidh** go ndéanfaí ceantar insteallú galair don dá cheantar toghchán **Míran Chladagh** agus **Machaire Chlochair**. Bhéadh láthair cheann feadhna na háite i Machaire Chlochair. 1/- an duine suas go dtí 200 don dochtúir as an té a gheobhadh insteallú in éadan galair agus 6^d ar achan duine ina dhiaidh sin. Ar an 10/5/1842 hiarradh ar Dr. Bradley an ceantar a ghlaicadh. Níor ghlac sé leis an jab ar túis agus i ndiaidh mórán argála cuireadh sa phost é ar 20ú Nollaig, 1842.

TEACH NA mBOCHT

Ag cruinniú a bhí ag coiste cheantar na mBocht Dhún Fionnachaidh ar an 20ú Lúnasa 1842, cuireadh iarratas isteach fá choinne teach a thógáil do na bochta. Iarradh £5,000 “for the employment, classification and relief of poor persons therein...”. Fuair siad an t-airgead tamalt ina dhiaidh sin agus cuireadh túis le tógáil Teach na mBocht. Tá sé le feiceáil go fóill ar thaobh na láimhe clí agus duine ag teacht isteach go Dún Fionnachaidh ón taobh thiar. Níl teach ar bith a rabh an oiread sin fuath agus tarcaisne ag baint leis le Teach na mBocht. Cha rabh aon duine sásta a ghabháil ann ach an té a bhí sa déanach. Charbh iontas ar bith sin agus an cineál áite a bhí ann agus cha rabh an bia a bhí le fáil ann ar mholaigh beirte. Seo a leanas sampla don chineál 3 thráth bidh a bhíodh le fáil ann i láir an 19ú céid déag.

An Cineál Duine	Bricfeasta	Dinnéar	Suipéar
Fear Ábalta	6 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche	8 n-unsa mine & 1/3 de chárta bláithche nó 3 phunta preátaí & 1/3 de chárta bláithche	5 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche
Bean Ábalta	6 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche	7 n-unsa mine & 1/3 de chárta bláithche nó 3 phunta preátaí & 1/3 de chárta bláithche	4 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche
Seandaoiní & na hEaslin & iad sin os cionn 15 a bhí gan obair	5 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche	7 n-unsa mine & 1/3 de chárta bláithche nó 3 phunta preátaí & 1/3 de chárta bláithche	4 unsa mine 1/3 de chárta bláithche
Buachaillí & Cailíní eadar 9-15	5 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche	6 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche nó 2 ½ phunta preátaí & 1/3 de chárta bláithche	4 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche
Páistí 5-9	4 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche	5 unsa mine & 1/3 de chárta bláithche nó 1 ¼ punta preátaí & 1/3 de chárta bláithche	3 unsa mine & ¼ de chárta bláithche
Páistí 2-5	3 unsa mine & ¼ cártá bainne mhilis	5 unsa & ¼ cártá bainne mhilis nó 1 ¾ phunta preátaí & ¼ cártá bainne mhilis	2 unsa mine ¼ cártá bainne mhilis

Faoi 2 bliain 4 unsa mine, 4 unsa arán agus 1 pionta bainne sa lá.

NÓTA: Badh éard a bhí sa mhin, min bhui agus min choirce meascaithe.

Mar is léir cha rabh éagsúlacht mhór bidh acu i dTeach na mBocht agus bhí cuma orthu go rabh lán stopaláin de bhláthach acu cib bith goidé rinn siad leis an im! Charbh iontas nach rabh daoindí sásta a gcos a leagan taobh istoigh de thairsigh an dorais ann.

BÉALOIDEAS AGUS SEANCHAIÓCHT

Is doiligh a rabh agus a bhfuil de sheanchas ag baint leis an áit seo a chur i gcúpla leathanach. Líonfadhbh sé leabhar. Ach bhéarfaidh muid ár súil ar chuid de na rudáin a rabh baint dhlúth acu le nósmaireacht na ndaoindí sa 19ú céad sa ghleann seo.

Is é an nós is suimiúla a bhí acu—an dóigh a dtugadh siad onóir de na mairbh. Bhí an roiligh a ba ghaire daobhtha 6 mhíle uathu i nGort an

Choirce. D'fhág sin nach mbíodh am acu paidir a chur le hanamnacha a muintire ach Dé Domhnaigh agus dá mbíodh an lá sin fluch ba dhoiligh moill a dhéanamh agus 6 mhíle le siúl agat san fhearthainn. Is é an rud a ba ghnáthach leo a dhéanamh mar sin ná an leabaidh chamh a bhfaigheadh an duine bás uirthi a thógáil amach as an leabaidh mhór agus a cur i dtaiscidh i leataoibh i gcuideachta an uisce a níti an corp leis. Nuair a bhíodh an tórramh thart thugadh siad leo an leabaidh chamh—cochán don chuid is mó agus chuireadh siad í sa phortach agus chuireadh an t-uisce síos ina cuideachta. D'fhág sin go mbíodh seans ag muintir an mharbhánaigh a ghabháil amach go minic agus paidir a chur lena anam. Níodh siad seo gach Domhnach agus lá saoire agus bhíodh an áit a rabh an cochán seo curtha mar leac chuimhneacháin acu. Nuair a d'éirigh na leapacha níos galantáí b'éisgean daobhtha stad don chéapar seo agus is é an cleas a bhíodh acu ansin an duine breoite a chur ina lú ar ghraidhín cocháin ar an urlár tamall sula ngearraí a shnáithe. Thiocfadh leo ansin dá mba mhaith leo é an gnás a choinneáil.

Bhí gnás eile acu san áit seo dá bhfaigheadh duine bás amuigh—slán go rabh muid—go gcaithfi gach uile rud a bhí beo istoigh sa teach a thabhairt amach. Théadh an tine agus an chlog amach agus gach uile ainmhí agus daoíni muinteartha an mharbhánaigh. Isteach ar an fhuinneog ansin a chaithfi an corp a thabhairt agus na cosa ar tú. Rachadh sé amach an dóigh chéanna. Char rabh cead ag daoíni muinteartha an mharbhánaigh a ghabháil isteach leis an chorp ach oiread. Daoíni eile a níodh an t-iompar. An té ansin nach rabh ábalta a ghabháil ar an tórramh thagadh sé in aircis an tórraimh agus deireadh paidir agus shiúileadh ‘trí choiscéim na trócaire’ sa treo chéanna a rabh triall na ndaoíni.

Is iomaí caitheamh aimsire eile a bhí acu agus níl ceann is suimiúla acu ná an **ragaireacht**. Bhíodh an t-aos óg agus daoíni a mbíodh féasón sheanaimsire orthu ag gabháil thart san oíche agus teach ar bith a mbíodh bia—arán úr agus bainne nó a leithéid—le fáil ann, bheireadh siad leo é agus bhíodh féasta acu air. Ar ndóighe is i lom iontais a níti go leor don ragaireacht seo ach anois agus arís théadh cuid don aos óg ó smacht. Chuir na daoíni iad féin péas ar bun le stiúir bheag a choinneáil ar rudaí.

Is é an t-ainm a bhaist siad orthu “**NA SÉ FEARA DÉAG**”. Ba iad na sé feara déag a ba láidre a bhí sa dúithche iad. Théadh siad thart san oíche ag coinneáil smachta ar na blaigeaird. Bhí drochphionós acu agus mar sin tugadh aird orthu. Bhí údarás na ndaoíni acu le achan rud dá dearna siad. Is é an pionós a bhí acu an **scríobhán** údai a bhíodh acu ag déanamh bocstaí a chur ag obair ar do chraiceann agus badh é an rud neimhneach é. Is iomaí ‘boc’ a smachtaigh siad ar an dóigh sin. Bhíodh gnoithe eile ag na péas seo fosta—daoíni a bhíodh ag maistíneacht ar fhairlocha a chiúiniú. Chomh maith leis seo thugadh siad cuairt anois agus arís ar lucht siopáil agus gaimbín agus chuireadh iachall orthu luach cónir, ceart a bhaint ar a gcuid earráil. Mura mbainfeadh bhagrófaí an scríobán orthu.

Bhí a chaitheamh aimsire féin ag gabháil le achan fhéile agus achan lá sa bhliain chóir a bheith. Luaifidh mé gnás beag amháin mar gur thaitin sé liom féin nuair a chuala trúcht air an chéad uair. Is é sin an rud a níodh

na mná agus a gceirtlín snátha **Oíche Shamhna**. Is cosúil go mbíodh nóisean ag mná do fhir i gcónai nach mbíodh siad ábalta croí isteach a thabhairt daobhtha. Ba ghnáthach leo a dtseans a fháil Oíche Shamhna. Théadh siad amach an oíche sin agus a gceirtlín snátha leo agus théadh siad i bhfolach in áithe éiginteach ar thaobh an bhealaigh mhóir. Cha bhíodh uaigneas ar bith an oíche seo orthu is cosúil. Bhíodh siad ag éisteacht go géar go dtí go gcluinfeadh siad duine éiginteach ag teacht agus chaitheadh siad amach an cheirtlín ag súil le broideadh a fháil. Dá mbeireadh rud ar bith ar an cheirtlín deireadh an bhean a bhí san áithe “**Cé sin atá ar mo shnáithe?**” Thugadh an fear amuigh freagra uirthi agus dá mbeadh sí sásta leis bhíodh sí léim amach agus ar shiúl leis. Agus mura rabh, chaitheadh sí tamalt eile a chaitheamh san áithe. Chuala mé scéal fá bhean a bhí dóirte go mór ar ghréasaí bróg a fháil. Bhí sí san áithe nuair a chuala sí é ag teacht. Chaith sí amach an cheirtlín agus chonaic mo dhuine í. Fuair sé greim breá cruaidh uirthi agus thug crathadh breá daoithe. “A Thiarna,” a deir an bhean istoigh, “an sin an gréasaí atá ar mo shnáithe?” “Chan é leoga” a deir mo dhuine “ach an diabhal dubh.” “Ó Dhia, má seadh, tá mise fada go leor anseo”. Agus rith sí agus lean an gréasaí í ach bhí an abhóga déanta agus bhí sí cinnte gurb é an fear dubh a bhí sna fatha fásaigh ina diaidh agus dheomhan a dtainig sé suas léithe.

Tugann sin mé go dtí giota beag eile. Ba ghnáthach leo subh na sméar dubh uilig a bheith déanta acu roimhe Shamhain mar chreid siad go dtagadh an diabhal Oíche Shamhna agus go gcuimlíodh sé a ruball de na sméara dubha uilig. Cha rabh cead baint daobhtha ansin. Charbh iontas don bhean a bhí san áithe a bheith scá(n)raithe!

Lá mór a bhí i Lá Fhéile Muire Mór ag na Gaeil. Ba mhór an truaighe mar sin a chuireadh tubáiste an lá sin orthu mar a tharlaigh 1880. Bhí meas nach beag acu ar mháthair Dé, gur chum siad nach fiú ainm dá cuid féin daoithe, Muire. Bhí na céadtaí urnaí acu ina honóir agus bhí cail go leor ar an dúithche seo atá fá thrácht againn san alt seo fá na gcuid dáonta diaga. Chan fhuil rud is foirstiní mar sin le deireadh a chur leis an aiste ghairid seo ná píosa do dhán dar teideal **“Oifige Bheag Mhuire”** a thabhairt daoibh. Tá a shé oiread eile sa dán agus atá mé a thabhairt anseo.

OIFIGE BHEAG MHUIRE:¹

- R. Anois tabhradh mo phuisíní agus mo ghuth
- F. Ardmholadh ceoil don Mhaighdin inniu
- R. A bhaintiarna bí agam do charaid
- F. Go neartuighir mé in aghaidh m'eascharaid
- R. Glór don Athair agus don Mhac agus don Spiorad Naomh
- F. Mar a bhí ó thús águs mar atá anois agus mar béas tré shaol na saol.

NEAMHNUAILL

Fáilte a bhaintiarna an domhain
Banríon shoilse nimhe
Fáilte a mhaighdean gach maighdine
Réalt moch na maidne
Fáilte lán de gach grása
a ghlansholais Dé
a bhaintiarna cuidigh linn
Le deifre déan é
Dia ón tsíorraíocht
Thar mhráibh na cruinne
don bhriathar d'ordaigh tú
bheith aige mar bhuiime
Le sin chruthaigh sé
Neamh, talamh agus muir
a ghlanchéile taeichte
Saor ó gach coir.

- R. Do thogha agus rogha thaeigh Dia
F. Agus d'ordaigh sé comhnaí dhéanamh sa teampall.

AN URNAÍ

A Naomh Muire, a Mháthair ár dTiarna Íosa Críost, a bhanríon na bhFlaitheas agus a bhaintiarna an domhain nach dtréigean agus nach dtarcaisíníonn aoinneach, dearc orm go trúcaireach le súilibh na trúcaire agus fágh ó do d'Aon Mhac pardún ann mo pheacaí damhsa atá le hintinn agus meanmna diadha ag déanamh cuimhne ar do neamh ghabhaltas agus fá dheoigh an bheatha mharthanach shíorraí tré ghrásta agus tré thrócaire ár dTiarna Íosa Críost do thug tú, a Mhaighdean, chun an tsaoil atá mar aon leis an Athair agus leis an Spiorad Naomh, aon Dia bith bheo go Siorraí.

Amen.

- R. A thiarna éist m'urnai
F. Agus go sroichidh m'osna do láthair
R. Beannáí muid ár dTiarna
F. Buiochas do Dhia
R. Agus do bhfaighidh anamnacha na gcreideamhnach a d'fhág a saol seo fríd thrócaire Dé suaimhneas siorraí.

Amen.

Nach mór an moladh atá tuillte ag na daoindí a chur dántaí dá léithéid sin de għlanmheabhair—dánta a bhfuil áilneacht agus uaisleacht iontu agus saibhreas focal. Is furast dūinnej atá fá shó agus fá shómas suidhe síos agus dánta a fhogħlaim—ach smaoitigh orthu sin a bhfuil a dteistiméireacht nochtithe san alt seo—ag sclábhafocht le coraidh cruaidhe an tsaoil sa lá agus gan fios acu cá has a dtiocfadh greim an lae amáraigh ag gabħáil fá dhidean san oīche daobhtha.

Nár lige Dia go ndéanfaimis dearmad dár fhág siad againn.

Sa bliajn 1880 chaitheadh muintir na háite seo a għabbáil 6 mhile chun Aifrinn go Gaoth Dobhair nó go Gort an Choirce—ba ionann ar siúl go dtí an dá áit. Chan fhuair siad a dteach pobail féin i gCnoc Fola go dtí an bliajn 1933. Tá siad bródúil as anois ach is minic iad ag caint, ar theach pobail Għaoth Dobhair. Ca tuige nach mbéadh agus scáile ár nduċchais greannta sna ballaí agus sna carraigeacha atá thart air agus san abha inn bħradach atá anois ag sileadh lena thaobh.

¹Scríobhadh síos an dán seo ó bhéalaithris Bhríd Dhall Nic Giolla Chomhaill, 40 bliain ó shoin. Bheirim mo bhúiochas do Roinn Bhéaloideas Éireann a thug céad dom scrúdú a dhéanamh ar an leagan don dán seo atá le fáil sna láimhscribhinní sa leabharlann ansin.



An illustration of the flooding of Derrybeg chapel from
“The Penny Illustrated Paper” for August 28, 1880.

Lá an Bháite inGaoth Dobhair

Pádraig Ó Gallchobhair

Maidin Domhnaigh san fhómhar, bhí muintir an aifrinn ag tarraingt ar Léim an Mhadaidh i gcontae Dhoire. Bhí bearradh beag fuar ar an lá mar is gnách don am 'e bhliain nó bhí an ghrian íseal sa spéir go fóill.

Ní raibh smid ann. Bhí mar bheadh ciúineas ábhal-mhór crochta ina chnap os cionn na cruinne ag brú agus ag plúchadh gach neach beo. Bhí na daoine tostach agus iad ag siúl go mall. "Tá uafás ar an lá" adúirt seanduine gearr-análach. "Tá sin" ó na chomharsain. Tháinig dreach liath ar an lá agus caochlódh san aird thoir. Nocht néal beag dubhliath san aird chéanna agus mar d'éirigh sé ar an aer, mhéadaigh sé ina thoirt. Gheáraigh lucht an aifrinn a gcoiscéim.

Cluineadh monamar bog cealgach san duilliúr. Rinne séideán sí rince meidhreach i ndusta an bhóthair. Chuaigh na duilleoga a chodladh agus shíothlaigh an dusta in áit na mbonn. Dubh-chiúineas. Ciúineas scáfar bagarthach! Dar le duine gur stad rothaí na cruinne. 'Cumhdach Dé orainn, tá caill ar an lá' i nglór fann éagainteach an tseanduine. Osna múchta as croí na cruinne — feedáil ghéar — anfa gaoithe móire agus an ciúineas réabtha. An té bhí in ann, thug sé do na bonnai é go teach an phobail.

Bhí an t-uafás sa mhullach orthu. Sciobadh hataí fear is ban suas sa spéir. Strócadh níochán de na toir, rinneadh a gcárdáil agus a rollagú mar bhíthear 'á slogan agus i gegraos na gaoithe móire. Fágadh cuibhreann coirce fite fuaite chomh cothrom le clár ar an talamh. Tógadh paiste prátaí idir bhun, bharr agus chré 'na mheascán mearaí sa spéir. Bhí an iongadh ar a plé agus i ag gabháil i dtreise.

Chuir an gabha rua beo ar a phíopa agus shiúil sé suas os cionn an tí a' déanamh sealafochta leis an bhuachailleacht. D'iarr sé ar Din, a mhac a ghabháil isteach agus é féin a ullmhú don aifreann. Chuir an gabha a thaca le cláí agus bhain sé gal as a phíopa. Bhí sé ina léine nó bhí an spéir glan gorm agus an t-aer bog cumhra. Ba bhreá an lá é, míle altú do Dhia. Bheadh pobal mó ar an Choitearna agus an Fhéil' Muire ag siúl leis an Domhnach.

Nuair a bhí Din sciopa sciúrtha agus a chulaith Domhnaigh uime, rinne a mháthair mion scrúdú ó bhaiteas go bonn air, mar bheadh sé ag gabháil os comhair an phobail ar an altóir. Nuair a bhí an scrúdú thart chuaigh Din 'un dorais agus scairt sé trasna an bhealaigh mhór ar Shéamas Sheáin Úi Fhearraigh. Bhí Séamas chuige ar an bhomaite agus shiúil an bheirt chléireach síos malaidh Shrath na Corcrach. Bhí an Sagart 'ac Pháidín ina dhoras féin agus iad ag gabháil thart ach níor chuir sé chucu na uathu, rud a b'annamh leis. Shiúil siad leo go dtí teach na scoile, áit ar fhan siad le cléireach eile — an Dúáltach Chonchubhair as Machaire Chlochair. Le linn na moille ag an scoil, tháinig seánbhean chostarnocht agus a stocáí agus a bróga ar iompar léi. Chuaigh an tseánbhean isteach in abhainn theach a' phobail a ní a cos agus rite go leor a chuaigh sé uirthi oiread uisce fháil agus chuirfeadh baiseog orhttú. Chuir sí na bróga uirthu agus d'imigh chun an tséipéil. "Dhéanfaidh Gráinne turas na gcros fá dhó roimh an aifreann" arsa Din. "Bíonn sí ar túis ag teacht agus ar an duine deireanach a fhágás teach an phobail gach Domhnach" arsa Séamas.

Tógadh an séipéal tá céad bliain ó shin agus tógadh é ar ionad seanséipéil in ailt chung. Thóg leithead an fhoirgnimh úir urlár na haitle uilig diomaoite de phasáid cheithre troigh ar dhá thaobh an tséipéil. Bhí na beanna beagnach chomh hard leis na taobh ballaí. Bhí bealach siúil ag uisce na haitle fríd shúil faoi urlár an tséipéil. Bhí an doras mór ar an cheann chaol den ailt. Os comhair na haltóra agus an dá thaobh-doras mar tá siad inniu. Bhí fuinneog ard de ghloine gheal ar chúl na haltóra. Ní raibh ach an t-aon áiléar (gallery) san am, an t-áiléar mór ar aghaidh na haltóra amach.

Bhí Annraoi 'n Dúáltaigh Oig 'na chóiní ar an cheann thiar de Mhachaíre a' Chlochair agus é i gceann a chuíg mblian déag d'aois. Cailleadh a mháthair le linn eisean a theacht chun tsaoil agus dá bharr sin thit mórchuid de thímireacht an tí air. Bhí sé ag buachaillteacht an eallaigh roimh an eadra ar an mhaidin bheannaithe seo. Buachaill suáiilceach soineanta a bhí ann, neart ina ghéaga agus lúth ina chnámha. Bhí cáil air le ceol agus le snámh. Bhí sé 'na shuí ar charraig ar Ard Mháire agus a shúil ar an bhealach mhór aige nó bhí sé ag gabháil 'un aifrinn. Níor mhór an t-eallach a chur isteach nuair a chifeadh sé túis mhuintir na gcnoc ag gabháil soir.

Seo chuige anuas Neillí Dhónaill agus a seáspán ina láimh aici go díreach nuair a nocth an cheád chapall ar an bhóthar. "Amharc, a Neillí, amharc an pictiúr, fear ag ceann capaill, bean ag marcaíocht agus naionán ina hucht aici — losa, Muire agus Seosamh". "Ní hea, leoga, ach leanbh muintreach duit féin as na croic, atá le baisteadh inniu", arsa Neillí agus thosaigh sí a chrú bó leo a bhí ar téad ar Ard Húdaí. Ní raibh sí ina suí i gceart nuair a scoilt splanc toirní an spéir ghorm ó cheann go ceann. Léim Neillí, theilg an seáspán fad urchair uaithi agus d'imigh ar chosa-in-airde 'na bhaile. Ach an racht gáirí a tháinig ó chroí Annraoi, bheadh sé ina cluasa fad agus mhairfeadh sí.

Bhí an Sagart Mór 'ac Pháidín ag éisteacht faoistíne roimh an aifreann i nGort a' Choirce. Thug sé faoi deara scáile dorcha ag baint an tsolais de fhuinneoga an tséipéil. Baineadh preab as nuair a chuaigh sé amach agus chonaic sé an néal suaithe dubh crochta os cionn an Chaisil.

Chuir sé air a ribín agus chuaigh sé trí chuarta thart ar theach an phobail, ag léamh os ard as a phortús, sul ar thosaigh sé ar an aifreann.

Tháinig muintir Léim a' Mhadaidh slán ó'n ghábhadh. Sciord an iomghaoth léi siar trasna bhráid Inis Eoghain, isteach i nGleann tSúilí agus ó sin go Gleann Domhain agus na néalta a mbrú agus á suathadh. Luigh an ghaoth anonn le Máim na Mucaise ach bhí a lucht ró-throm le héirí agus shleamhain an ollphiast siar ar Altán agus chuaigh pobal Ghort a' Choircé saor.

Spréigh na néalta agus iad ar gail, amach ar thaobh a Leithéid, ar Chróna Leacht, agus rinne siad bearad agus bríste do'n Eargail. Bhí bog-bháisteach ag titim nuair a bhí tromlach na ndaoine i dteach pobail Ghaoth Dobhair. Bheir an fhearthainn ar an té d'fhág ar an ghann chuid é. Choscair aon splanc na maidne an t-aer, phléasc sé na rúogaí a tháthraighean le chéile agus bhí túis ar an dílinn. Bhuail an splanc Toabh a' Leithéid agus spréigh an bháisteach amach go gleann Dhún Lúiche agus go barr Ghaoth Dobhair. Bhí dhá dtrian den pharóiste faoi bháistí. Tháinig sí go bog fáilí agus chuir an pobal mór a bhí cuachta sa tséipéal thar a gcoimheád.

Bhí srutháin bheaga uisce ar dhá thaobh an dorais mhóir nuair a thosaigh an t-aifreann. D'éirigh an bháisteach 'na bailc agus leathaigh an t-uisce amach ar an urlár taobh istigh. Ach chuaigh formhór na ndaoine a bhí in aice an dorais amach as teach an phobail agus nforb' ionadh é. Bhí búirtheach a dhéanfadh beithigh allta ag teacht anoir aduaidh orthu agus fuaim feargach tonn agus tuile ag bagairt lasmuigh agus an t-uisce fáili á spréadh féin ar an urlár taobh istigh. Ach chuir formhór na ndaoine a muinín sa tsagart ar an altóir, san íobairt a bhí sé a ofráil agus sa Dia mhór a chiúinigh roisteacha farraige móire fadó. Chuaigh an sagart ar aghaidh leis an aifreann chomh ciúin stuama stuidéarach agus dá mbíodh aingle Dé ag siúl leis — agus cá bhffios nach raibh. Nuair a thosaigh sé a rann na gcomaoineacha naofa, bhí uisce go béal na mbróga ar na daoine a bhí ar an urlár. Nuair a bhí an dara sraith rannta, bhí an t-uisce ag éirí ar urlár na haltóra.

Chuir an sagart na comaoineacha i dtaisce sa tabarnacal agus chríochnaigh sé an t-aifreann. Tháinig fóide móna agus clámáin féir isteach ar an doras mhór. Cluineadh glugarnach agus snagarnach as an abhainn faoi'n urlár.

Bhí an tamhach táisc taobh amuigh. Bhí an spéir 'na criathar agus an dubh-bháisteach ag cnagairt ar dhíon an tí. Scuab an tuile cocaí féir, clampaí móna, grágáin agus léabacha caoráin isteach in ailt theach an phobail. Chuir an dórtadh as béal na spéire an dloai mhullaigh ar an uafás. Bhí an iomghaoth cloíte ag an oidhre a ghin sí féin, bhí an tuile agus an t-uisce i réim.

Ba mhaith an mhaise don dream a d'éalaigh as an tséipéal leis an eagla. Munar chuir siad leis, níor bhain siad a dhath den bhaol báite ina raibh siad. Dar leo nach raibh tartháil ar na daoine a bhí fágtha san fhaopach. Imíonn droch scéal ar an ghaoth agus níor bhfada gur tógadh uaill chaointe ó na Cladaigh 'na gCnoc — daoine teicheadh agus daoine teacht ag iarraidh tuairisc nó tásc a nduine féin. Chuala Eoghan Shíle Óige agus an Gabha Rua an gháir agus thug siad iarraidh ar shiopa Sheáin Uí Fhearraigh gur bhailigh leo rópaí agus dréimiri ina chrios le

hEoghan.

Tháinig tuile uisce isteach ar an doras mhór agus tháinig sí chomhramhar sin nach raibh an dá thaobh-doras ábalta an tuile a tharraingt. D'éirigh an t-uisce ar bhonn na haltóra agus thug Séamas Sheáin Úi Fhearraigh iarraidh amach ar dhoras an sacraistí ach dhruid an tuile an chomhla 'na diaidh.

Tharraing an sagart an bheirt chléireach eile chuige agus chuir sé suas ar an altóir iad.

D'éalaigh a lán de na daoine sna taobhanna amach ar na taobh-dorais sul ar mhéadaigh neart na tuile. Sheas na fir guala ar ghualainn, agus an tuile go hascal orthu. Thug siad cabhair agus tarrtháil do mhná agus do pháistí á gcur suas ar na bruacha agus ag tabhaint teaghlaigh le chéile.

Taobh istigh, i gcorp an tséipéil, theith daoine suas ar an áiléar agus ar an staighre, oiread acu go raibh baol nach n-iompródh na cuailí an t-ualach. Chros an sagart ón altóir gan aon duine eile a ghabháil ar an staighre agus chomhairligh sé do na daoine a bhí ann fanacht go ciúin suaimhneach. Níor ghá an staighre a chrosadh nó bhí an díle ag a bhun a sháródh an bradán féin. Thiomáin an sruth leo na binsí, agus na daoine a bhí i bhfastó iontu suas in aice na haltóra. Chuaigh bocsa an éistí ar an tsnámh. Tharraing Briainí Phadaí Úi Bhaoill isteach ar an cúnshruth é, áit a raibh Síle Ní Dhubhagáin ón tsliabh, naionan ina baclainn, ina seasamh ar bhinse agus an t-uisce go bástá uirthi. Chuir Briainí Síle agus an naionan isteach sa bhocsa agus sháraigh siad an gábhadh ansin.

Shrois Eoghan Shile Óige agus an Gabha Rua agus foireann tarrthála leo, an séipéal go tráthúil. Cuireadh dréimire ó bharr na haille go fuinneog ar an áiléar agus níor bhfada 'bhí Eoghan ag baint amach barr na fuinneoge le na thua. Leagadh droichead dréimirí ón fhuinneog go droim na haille agus fuair lag agus láidir fuascailt.

Tháinig faoiseamh san bháisteach ach bhí an tuile ag éirí taobh amuigh agus taobh istigh agus na scórthaí i ngéar ghéibheann. Bhí an altóir agus an tabarnacal faoi bháthadh agus an sagart agus a bheirt chléireach ag briseadh a mbealach suas san fhuinneog ar chúl na haltóra.

Bhí trí shruth fola ag sileadh isteach san uisce. Nuair a laghdaíodh an t-ualach ar an staighre, thug lucht na tarrthála a mbinn ar aghaidh an áiléara. Bhí cúpla feá de rópa cnáibe agus snapshnaidhm ar gach ceann de ag gach fear. Thosaigh an iascaireacht agus a chroí ó, ba mealdha an baoite agus ba luachmhar an toradh. Tarraingíodh fir, mná agus páistí as áit a mbascaidh. Bhí deich dtroigh uisce ar urlár an tséipéil ach bhí snámhaithe misniúla ag teacht i gcabhair ar an té a bhí in easnamh. Níor sheachain siad an chontúirt agus níor choigil siad a ndícheall agus ina measc bhí Annraoi 'n Dúáltaigh. I leabhra Dé amháin atá cuntas cruinn ar éachtaí gaile phobal an Choitearna ar an lá sin.

Bhí Neili Dhónaill ar bhruach na tuile agus chonaic sí seanbhean ag imeacht le sruth. Gráinne a bhí ann. Uair roimhe sin ní raibh oiread uisce ann agus nífeadh a cosa. Fuarthas a corp ar na hinseáin. Cailleadh beirt sheanduine. Baolach as Inis Meáin agus Dochartach as Machaire Chlochair. Fuarthas corp Sheámais Úi Fhearraigh ag an Chuife. Bádh é ag doras áin sacraisti. Chuaigh an t-eíde ' bhí air i bhfastó sa doras. Bhí cloigean Annraoi scoilte. Seisear a tharrtháil sé agus é ag tarraigts ar an

seachtú duine nuair a chaith an sruth in éadan na mbeann é. Bhí an dólás ann agus an doicheall. Diúltáiodh clár comhlach le na chorp a thabhairt abhaile.

Tháinig an tráthnóna agus an ghrian le chéile ach bhí cairt taobh amuigh agus taobh istigh den tséipéal. Chaill an Dúáltach óg a mhac agus a uncail agus baisteadh a ua ar lá na tuile.

An rud atá annamh tá sé iontach. Thit an Fhéil Muire ar an Domhnach i 1950. Ar an lá sin dúirt mac dearthára de Din an Ghabha Ruaidh agus mac an Dúáltaigh Chonchubhair an t-aifreann le chéile i bpobal an Choitearna.

(Foilsíodh an t-alt seo in ABU — iris Cuimhneachain Chumann Thír Chonaill i mBaile Átha Cliath 1957).



Teach pobail Dhoirí Beaga tamall maith ó shin — i dtús an chéid seo is dócha.



Na bannaí ceoil ag tarraingt ar an teach pobail ceáinna ar ócáid cuimhneachán na tuile Lá Fhéilí Muire 1980.

Lá na Tuile

(Achoimre ar an léacht a thug Seán Ó Gallchóir)

Tithe Pobail

Le túis a chur leis an léacht seo, ba mhaith liom cúpla focal a rá fá'n teach pobail seo agus na háiteacha adhraidh a chuaigh roimhe. Bhíodh aifreann á rá, a chéad uair, i scáthlán nó laftán beag sa bhinn ar an taobh eile den abhairn. Bhíodh an pobal ar a nglúine ar dhá thaobh na habhann sa ghleann seo agus fir faire ag coimheád ar eagla go dtiocfadhl na saighdiúirí dearga sa tóir orthu. Ní raibh cead ag sagart aifreann a rá mura raibh sé 'cláraithe' agus le bheith cláraithe, chaithfeadh sé móid dilseachta a thabhairt. Bhí an d lí seo á chur i bhfeidhm go dian ón uair a tháinig an bhanríon Anna go coróin na Sasana (1702). Cuireadh scáth beag adhmaid ar an altóir a chumhdaigh na coinnle agus a choinnigh an ghaoth uathu agus níos moille ná sin, rinneadh scáth níos mó a choinnigh an sagart agus na cléirigh agus a bhí druidte ar thrí taobhanna. Tháinig maolú ar dhí na sagart cláraithe agus rinneadh ar shiúl leis na fir faire agus tógadh teach pobail ceann tuí ar an taobh eile den abhairn sa bhliain 1760. Choisric an Dr. Ó Raghallaigh, a tháinig mar Easpag ar Rath Bhóth i 1759, é. Mhair an teach pobail sin mar áit adhraidh go dtí gur dódh é ar 11ú Aibreán 1854. An t-Athair Dónal Mac Aoidh a bhí ina shagart paróiste san am agus bhí sé indiaidh lánúineacha a phósadh indiaidh na hoíche mar a níti de ghnáth san am — deirtear i seanchas na háite go raibh seacht lánúin i dteach an phobail an oíche sin. Deirtear fost a gur beoanna tine a bhí mar sholas acu. Cibé ar bith, chuaigh teach an phobail ar thine agus dódh go talamh é agus ina áit, tógadh an teach pobail seo ina bhfuil muid 'nár suí anois. Críochnaíodh é sa bhliain 1858.

Bhí sé déanta ar dhá thaobh na habhann — an abhairn sin atá anois 'na rith amuigh ansin, bhí sí 'na rith san áit a bhfuil mé 'mo sheasamh anseo. Is minic a cuireadh an cheist: Cad chuige ar tógadh an teach pobail seo ina léithéid d'áit? Sé 'n freagra is coitianta ar sin nach dtabharfadhl na tiarnaí suíomh ar bith eile fá na choinne agus b'fhéidir gur cuid den fhírinne é. Ach caithfidh mé a rá, agus mé ag iarraidh eolais a chruiinniú fá choinne na cainte seo, nach raibh mé ábalta teacht ar chruthú cinnte ar bith gur diúltáidh suíomh don teach pobail seo. Is fiú smaointíú ar an rud a scriobh A. M. Sullivan M.P. — cara maith do Ghaoth Dobhair, a mbeidh tuileadh le rá agam fá dtaobh dó níos moille

"I am not astonished that, independently of the refusal of landlords to

give a site for a popish chapel, this spot hallowed by such memories and associations should have been clung to by the people”.

AN TUILE

Anois tigim go dtí ábhar mo léachta, ‘Lá na Tuile’. Céad bliain ’sa lá inniu, Lá Fhéil’ Muire 1880, tharla ceann de na heachtraí is brónaí i stair chorraitheach an phobail seo.

Samhlaigí díbh féin an teach pobail seo san am — an foirgneamh céanna gan mórán athraithe. Ní raibh an dá ghailearaí taoibhe ann — Ní raibh ann ach an ghailearaí mhór. Mar dúirt mé, bhí an abhainn ag rith faoin urlár agus síos i lár an yard amuigh. Anois, samhlaigí an suíomh an Lá Fhéil’ Muire sin. Tá na daoine cruinn fá choinne aifreann a dó dhéag, ’na suí sna suíocháin an áit a bhfuil sibhse anois agus ar an ghailearaí mhór. Tá idir 900 agus 1000 duine i láthair. Tháinig siad ó ghob Chnoc Fola go barr a Toir agus isteach ó na hoileáin. Ní raibh nduine as ceantar Dhún Lúiche ann mar bhí teach pobail dá gcuid féin acu le naoi mbliana roimhe sin (1871). Lá mór i saol Chaitlicí na gceantar seo a bhí i Lá Fhéil Muire agus an bhliain seo thit sé ar an Domhnach. B’olc an té nach ndéanfadh freastal ar aifreann Dé. Ba luath a d’fhág cuid acu baile, cuid ar dhroim capaill ach an mhór chuid de shiúl cos. Ach bhí an mhaidin maith, teas bruithneach ann agus an spéir glan gorm. Ach i dtrátháin deich, bhí néalta dubha ag cruinniú os cionn Mhín an lolair agus níor bhfada go raibh fuaim toirní le cluinstin. Thosaigh an fhearthainn throm ann nuair thosaigh an Sagart Ac Phaidín ar an aifreann — é féin agus a thríúr cléireach: Dónal Mac Giolla Easpaig (Den Eoghain Ruaidh), agus Seámas Ó Fearraigh (Jimmy Sheáin Uí Fhearraigh) as Srath na Corcra agus Dúáltach Ó Gallchóir (Dúáltach Chonchúir) as Machaire Chlochair. Ach thuas sna cnoic, bhí an díle i bhfad níos measa agus ní raibh fada go raibh tuile fhiánta san abhainn seo amuigh ag scuabadh leí ’s ag cartadh roimpi tutógaí, crainn ’s achan chonamar eile. Stopadh an piopa faoi theach an phobail. D’éisigh an t-uisce amuigh ach bhí na doirse druidte agus má bhí braon ag sileadh isteach féin, níor chuir na daoine mórán suime ansin. Ag am Comaoineach, bhí sé ag éri go béal na mbróg ar na daoine agus le sin féin, chuir brú an uisce na doirse isteach agus, i gcúig bhomaite, bhí an t-uisce deich dtroithe ar airde - dhá throithe dhéag a deir cuid de na cuntais. Is furast díbh a shamhlú caidé an tafach táisc a bhí ansin. Daoine ag tabhairt iarraidh ar an ghailearaí agus ar na fuinneoga, suíocháin ag snámh ar bharr an uisce, bocsa an éistí ar a tsnámh, seáltaí ban agus bearaid fear. Chriochnaigh an sagart tabhairt amach na gcomaoineach ach ní raibh sé i bhfad go raibh an t-uisce go hascallaí air. Chuaigh sé suas ar thábla na haltóra agus tharraing beirt de na cléirigh leis. Bhí an triú duine, Séamas Ó Fearraigh, a chuaigh ’na sacraistí ar theachtaireacht, bhí sé crothnaithe. Is cosúil gur beireadh ar a chuid éadaigh sa doras nuair a dhruid sé ina dhiaidh. Thug an tuile leí doras is eile ’na dhiaidh sin — fuarthas corp Shéamais thíos ag an Chuife tráthnóna. Tháinig an t-uisce ar an tsagart ar an altóir agus, le cuidíu suíochán a bhí ar snámh thart, fuair sé suas san fhuinneog i gcúl na haltóra. Thug sé absalóid don tslua a chonaic sé faoi sa chontúirt. Dúirt sé féin ina dhiaidh sin gurb é an t-iontas é nach raibh ar a laghad leathchéad báite. Dúirt sé go bhfaca sé gníomhartha gaisce á dhéanamh

ag daoine an lá sin a shábháil ar a laghad 400 duine. Shnámh daoine amach ar na doirse agus chuir fios ar tharrtháil. Fuarthas dréimírí agus leagadh trasna ón ghailearaí iad amach ar na fuinneoga go barr na mbeann amuigh. Tugadh rópaí anoir as teach Sheáin Úi Fhearraigh agus le na gcuidiú tarraingiodh daoine suas ar an ghailearaí agus amach an bealach éalóidh ar na dréimírí. Tá ainmneacha na ndaoine seo leanas luaite i bpáipéis nuachta an ama as a gcuid gaisce ag sábháil daoine: dhá phéas, Martin agus O'Mahony; William Colgan as na Machaireacha; Eoghan Ó Donaill nó Eoghan Shíle Óige agus Dónal Ó Dónaill as Doirí Beaga; Micí Coppins agus Donnchadh Ó Gallchóir.

NA DAOINE A BÁTHADH

Nuaire a thráigh an tuile, bhí cúigear báite. Fuarthas dhá chorp thíos ag an doras — **Conall Ó Baoill** nó **Conall Húdaí as Inis Meáin** agus **Niall Ó Dochartaigh** nó **Niall Hanraoi as Machaire Chlochair**. Bhí an bheirt acu thart fá 70 bliain d'aois. Fuarthas na trí coirp eile thíos ar na hinseáin: **Gráinne Ní Ghairbhígh** (**Gráinne Chreagán**, mar b'fhearr aithne uirthi), bean phósta thart fá 50, bean **Húdáí Eoghain** as an **Charraig** agus máthair mhór Eoghain Ghráinne a leag an bláthfhleasc ar an leacht inniu, bean chneasta a bhíodh idtlámh ar a chéad duine i dteach an phobail agus an duine deireanach á fhágáil — deirtear gur nígh sí a cosa san abhainn ar a bealach isteach an lá sin agus nach mó nach raibh oiread uisce ann is a nígh iad; **Hanraoi Ó Gallchóir** nó **Hanraoi an Dúaltaigh as Machaire Chlochair**, deartháir do Sheáin a Dúaltaigh — buachaill óg chuíg mblian déag, an duine a b'óige den teaghlaich — fuair a mháthair bás nuair a tháinig sé ar a tsaoil — bhí snámh maith ag an bhuaachaill óg seo, shábháil sé seisear agus bhí sé ag tarraingt ar an seachtú duine nuair a chaith an sruth in éadan na mbeann é agus scoilteadh a chloiginn. Agus an cléireach **Séamas Ó Fearraigh** i gcionn a thrí mblian déag. Tá a ainm sin ar thuamba Chlainn Úi Fhearraigh sa tsean reilíg.

DAOINE THÁINIG SLÁN

Tá scéaltaí i mbéal na ndaoine go fóill fá dhaoine a tháinig slán ón ghábhadh an lá sin. Gráinne Nic Aoidh nó bean John Bhiddy a bhítheár a scuabadh ar shiúl nuair a chuaigh a seal i bhfastó sa gheaftha agus choinnigh í, gur shábhail an péas Ó Máirtín í. Séamas Mac Suibhne as an Tor, agus a chónaigh ar an Chorrhmhín go bhfuair sé bás sa bhliain 1967, bhí sé i dteach an phobail le baisteadh an lá sin lena charas Críost, Nóna Nic Suibhne. Bhí bocsa an eistí ag snámh thart. Thug Briainí Phaidí Bhaoil as Machaire Chlochair i leataobh é agus chuir sé an naónán isteach ann. Níor baisteadh Jamesy an lá sin. Tá sé i leabhar theach a' phobail gur baisteadh ar an 16ú Lúnasa é. Ach sa leabhar chéanna, tá sé riomhtha gur baisteadh leanbh as Gabhlá — Aodh Mac Phionnaile nó Húdaí Mhichíl Bháin, mac do Mhicheál Mac Phionnaile agus Nóna Ní Mhaolagáin. Fuair sé bás nuair a bhí sé ina stócach óg. 'Sé an míniú a bheadh agam ar an bhaisteadh sin ná gur baisteadh roimh an aifreann é ó tharla gur leanbh as an oiléán é nó is cinnte nár déanadh baisteadh ar bith indiaidh an aifrinn an lá sin. Bhí dochar mór déanta den teach pobail féin

— bhí trí nó ceathair de throithí labáin ar an urlár, suíochán agus trioc scuabtha ar shiúl. An chaillís a bhí á úsáid ag an tsagart, bhí sí ar shiúl leis an tuile agus fuair Peadar Ó Baoill í thíos ar na hinseáin. Mheas an sagart go raibh luach £1000 de thrioc an tí pobail féin caillte gan trácht ar an damáiste den fhoirgneamh é féin.

CUNTAIS AR AN TUBAISTE

Seo aistriú ar an chuntas a bhí ag an Belfast News Letter ar an 19ú Lúnasa: "Fuarthas na trí chorpaí ar bhrúach na habhann thart fá leathmhíle faoi theach an phobail ag an Tulaigh nuair a thráigh an tuile. Báthadh dornán beathaigh fostá agus scuabadh ar shiúl iad le stand na mbéathach a bhí ar an taobh ó dheas de chlós theach a' phobail. Bhí teach an Athair Mhic Pháidín (san áit a bhfuil teach Mhaireád Frank inniu) ina ospidéal shealadach don mhuintir a bhí loitimh. Tháinig an dochtúir agus rinne freastal orthu sin a bhí gearrtha agus brúite. Bhí fir agus mná ag dul thart agus mórán acu a raibh bréidí ar a láhma is ar a gcloigneacha agus achan nduine ag cur tuairisce a mhuintir féin. Bhí na fir ina gcuid léinte, a muinchillí trustáilte, mórán acu costárnacht. Bhí na seáltaí caillte ag an chuid is mó de na mná. Bhí teach an phobail gan dóigh, na fuinneogaí uilig briste agus iad lán fola. Bhris na daoine an gloine, pána indiaidh pána ó bhun go barr agus bhain úsáid astu mar bheadh dréimire ann le fáil go dtí an ghailearaí. Bhí na fuinneogaí eile uilig mar a gcéanna, achan nduine ag iarráidh fáil chomh hard is a thiocfadhl leo amach as bealach na tuile. Scuabadh na doirse ar shiúl ó na hinsí agus fiú amháin na hursanacha féin, thug an tuile léithi iad. Bhí na suíocháin uilig briste agus thochail an tuile faoi na ballaí sa chruth is go raibh siad i gcontúirt titim. Tá trí troithe ar doimhne ar an urlár idir gaineamh, graibhéal agus lábán agus tartógaí móra agus rútaí crann. Scuabadh ar shiúl doras an sacraistí agus sílím gur anseo a chuaigh an gasúr óg a bhí ina chléireach — Séamas Ó Fearraigh — i bhfastó agus coinniodh ann é gur báthadh é ach nuair a thug an tuile léithi an doras, d'imigh a chorpaí sios an abhairn go dtí an áit a bhfuarthas é. Tá an chuid is mó den bhalla a bhí thart ar theach an phobail ar shiúl fostá agus an droichead a bhí ar an abhairn ar an bhealach mhór, níl rian ar bith dó fágtha. Tá damáiste mhilleannach déanta don bharr fostá. I gcuid de na bailte, tá coirce is préataí faoi uisce agus go leor acu scuabtha ar shiúl leis an tuile. Níor tharla a leithéid sa taobh seo den domhan ariamh aroimhe?"

Agus tá scéalta a tháinig anuas chugainn ón mhuintir a chuaigh romhainn ag cur leis an chuntas seo. Ba mhaith an rud na scéalta sin a chruinniú is a chur le chéile. Is cuid thábhachtach de stair an phobail iad atá muid ag iarráidh a chaomhnú is a shábháil agus ní ró-mhinic a thiocfas a mhacasamhail seo de áiméar againn.

DOMHNACH NA CRAICEÁLA

Nuair a glanadh suas teach a' phobail, leanadh de rá an aifrinn ann gach Domhnach. Bhí daoine a raibh eagla orthu dhul isteach ann agus théadhl siad ar a nglúine amuigh. Ocht seachtainí ó Lá na Tuile ar an 10ú lá de Dheireadh Fómhair, bhí lá scáthmhar eile i dteach an phobail.

Chuala an pobal trup ar an díon. Bhí siad uaiscneach indiaidh na tuile agus thug siad iarraidh ar an doras. Bhí brúdán bocht ann agus trampáladh daoine faoi chosa. Bhí cuntas sa 'Derry Journal' air. Deir sé go dearn an Dr. Ferguson a bhí anseo san am freastal ar ochtar a bhí gortaithe go math agus dúirt an dochtúir fén go raibh girseach amháin — McBride as Gabhla — 'very precarious'. 'Sé an míniú a bhí ag an pháipéar ar an trup ná gur sláta a bhí scoilte ar bharr agus gur shleamhnaigh sé anuas an díon, ach 'sé an míniú atá i seanchas na ndaoine gur amhlóirí a chaith clocha beaga suas ar na slátaí a rinne an tormán. Domhnach na Craiceála a bheirtear i seanchas na ndaoine ar an Domhnach sin. Baisteadh Biddy Bhilly as an Mhachaire Loisce agus bean Phaidí Jack Mhóir as Mhín an lolair an lá sin.

A. M. SULLIVAN, M.P.

Rinne mé tagairt i dtús na cainte seo dó. Is fiú cupla focal a rá fá dtaoibh dó. Rugadh é i mBéanntraí i gContae Chorcaigh i 1830 — Alexander Martin Sullivan. Chuain sé ag obair mar iriseoir ag an 'Nation' agus nuair d'fhág Gavan Duffy é, bhí sé ina eagarthóir agus ina úinéir. Bhí cúis na hÉireann an-dheas dá chroi ach níor chreid sé sa lámh láidir agus bhí sé in éadan gluaiseacht na bhFiníni. Bhí sé ina M.P. do Co. Lú agus do Co. na Mí. Chuain sé a chónai i Sasain. Bhris an tsláinte air agus fuair sé bás i mBaile Átha Cliath i 1884. Bhí sé na chuairteoir i nGaoth Dobhair blianta roimh an tuile agus aithne mhaith aige ar theach an phobail. Nuair a chuala sé fá'n tuile, scríobh sé litir fhada chuig an Times i Londain ar an 23ú Lúnas ag tabhairt cuntas cruinn ar theach a' phobail agus a stair agus ag achaine ar lucht léite an pháipéir iomráitigh sin cuidíu a thabhairt don tSagart 'Ac Pháidín sa chaill a tháinig air. Thug an achaine síntíúisé go leor isteach. Tá daoine mar Lord Granville, Lord Harrington, W. H. Smith, John Bright, Mr. Chamberlain agus a lán teachtaí parlaiminte idir Coimhéadaithe agus Liobrálaithe. Bhí an Chief Secretary Forster ar an liosta chomh maith. Gan mhoill 'na dhiaidh sin, rinn an Sagart Mac Pháidín é féin achaine sa Derry Journal agus clóbhualadh an achaine ina lán páipéir eile thar lear. I measc na ndaoine a chuir síntíúisé, bhí Dr Croke, Ardeaspag Chaisil, a bhfuil Páirc an Chrócaigh ainmnithe ina dhiaidh, — chuir sé £100 — agus Dr. McCabe, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, £100 eile. Tá Daniel Keown as an Bhun Beag ar an liosta festa — dhíol sé £5.

DÁNTA AGUS AMHRÁIN

Scríobhadh go leor fá'n tuile, go mór mhór dánta ach i mBéarla atá siad uilig. Sampla amháin síniúthe ag L— — , Bohernabreena, Gweedore.

*I saw that church at eventide
The rushing flood had flown
But all around in ruins
Lay its altar overthrown
And men and women over their dead
Were wailing at that shore
And grief and horror reigned supreme
That eve in wild Gweedore.*

Agus véarsa ó cheann fada a scriobh Rebecca Scott, Castlefin:

*The half-hearted prayer suspended
Upon the dying breath
The holy anthem silenced
In the deep hush of death
Morn rose upon the mountain
Most beautiful and fair
Eve set upon a sickening scene
 of ruin and despair
On blighted homes, hearts broken,
Whose every hope is o'er
On sorrowing eyes whose light was quenched
In the chapel of Gweedore.*

Agus ó línte a scriobh Clare M. M. Reilly ar James Ferry:

*So you did rise and in meekness low bending
Served at the sacrifice God loveth best
Which, with its incense of prayer sweet ascending,
Make angels wonder that men are so blest.*

Agus arís ag J. H. R.:

*The fearful deluge came and went
Thus swiftly, messenger of death,
To beating hearts that morn, who came,
To worship His most holy name,
Who gives and takes, our mortal breath,
And made his glorious firmament.*

agus mar sin de.

COIRIÚ AN TÍ PHOBAIL

Ba í an cheist mhór indiaidh na tuile ná caidé ba cheart a dhéanamh le teach a' phobail. Bhí dochar mór déanta dó agus bhí mórán daoine den bharúil gur cheart é a thréigint ar fad agus teach pobail úr a thógáil ar shuíomh úr. Bhí argóintí láidir i leith an dearcaidh sin agus cuireadh i láthair go láidir iad sa Derry Journal '80 sínithe ag Unus de Clero Rapotensi agus ceann ar an 10ú Deireadh Fómhair ag "Parishioner". Ba é an cás a bhí acu go dtiocfadh leis an rud céanna tarlú arís, nach raibh sé práicticiúl nó iondéantá a dhath a dhéanamh fá'n abhainn a bhí ag rith faoi theach a' phobail. Agus dá socráfaí ar theach pobail úr a dhéanamh go musclófaí cléir na deoise as an neamhshuim a bhí siad a thaispeáint sa chás go dtí seo. Cuireadh in iúl nárbh é seo an chéad uair a tháinig an tuile isteach i dteach a phobail. Sa bhliain 1859, nuair nach raibh teach a phobail críochnaithe go hiomlán, d'éirigh tuile go raibh an t-uisce ar an urlár dhá throigh ar doimhne agus nil an bhliain agam inár éirigh sé an dara huair. Cuireadh an cheist: An dtarlóidh sé arís i gceann deich mbliana nó fiche bliain nó leathchéad bliain? Ní fhaca mé litir ar bith sa pháipeár atá lúaite ag cosaint an tseansuimh féin. Agus caithfear smaointíú ar an taobh eile den scéal nach raibh an teach pobail seo ach

corradh beag le scór bliain d'aois san am agus gur dhoiligh iarraidh ar phobal tabhairt faoi cheann eile a thógál a bheadh ar dhóigh ar bith ionchurtha leis an áras breá a bhí acu. Rud eile, bhí ceist an airgid ann agus, ainneoin na n-achainí a chuaigh amach ag iarraidh tarrthála, tá mé féin den bharúil, agus tá fhios agam go dtáinig sintiúisé fiúntacha isteach, tá mé den bharúil gur tugadh an chluas bhodhar daofa go minic. £1400 an suim atá luan a fuair an Sagart Ac Pháidín as ucht a achaine agus, cé gur mór an tsuim san am é, san am chéanna, sa chás speisialta seo, bheinn ag dúil le tuilleadh.

Ar scor ar bith socraíodh ar theach an phobail a chóiriú, agus níl amhras ná go ndearnadh éacht mhór. Athraíodh cursa na habhann agus cuireadh ag rith í mar a chionn sibh í inniu taobh amuigh de theach a phobail. Le sin a dhéanamh, bhí beanna le réabadh le bealach a dhéanamh don abhainn úr. Cuireadh isteach dhá thaobh-ghailearaí agus tógadh an sacraisti atá ansin anois. Cuireadh isteach altóir úr fosta. Ar an 25ú Mártá 1882, athfhoscladh an teach pobail nua-chóirithe agus mar sin a mhair sé go dtí Lá Fhéil' Muire 1972 nuair a foscladh an teach pobail úr.

ACHOIMRE

Sula bhfágfaidh mé scéal na tuile, tá cupla rud a ba mhaith liom a rá:

1). Tá cuntas maith iomlán le fáil i bpáipéisí na haimsire sin fá'n tuile, cé go gcaithfear a bheith cúramach fá na cuntais sin an chéad cúpla lá. Cuir i gcás, i bpáipéar ar an Mháirt, tá sé ráite 'four corpses have been recovered and eleven are missing feared carried out to sea'. Tá sin sa Freeman's Journal 'by special telegram from Letterkenny, Monday' agus ón Central News Telegram London 'the roof is reported to have been demolished ... 20 were drowned or wounded'. Ach nuair a tháinig na hiriseoirí ar an láthair i lár na seachtaire, tá na cuntais cruinn agus firínneach go maith agus níl an áibhéal acu is gnáth nuair a bhriseas scéal uafásach ar an phobal go tobann. Ba cheann de scéalta móra na bliana é i dtíortha eile chomh maith le fríd Éirinn in am nach raibh gléasanna cumarsáide ach mall-triallach. Agus ar ndó anseo sa bhaile, ba é scéal mór ár staire é. Ach má tá cuntais chruinne le fáil ar phríomhtharlóga an lae uafásaithe sin, tá mionscéalta go leor fá'n tuile i mbéalaibh daoine go fóill — scéalta atá tábachtach ó thaobh an tseanchais de agus a ba cheart a bheith mar chuid de scéal iomlán na tuile.

2). Nuair a tharlaíos tubaiste dá léithéid seo, éiríonn an cheist — cad chuige ar tharla a léithéid? Agus sa chás seo cuirtear an cheist: cad chuige a raibh teach a' phobail déanta ina léithéid d'áit ar a léithéid de dhóigh? Ceist í sin nach bhfuil an freagra go hiomlán agam mar adúirt mé i dtús na cainte seo agus ar bhfuí do dhaoine a bhfuil suim acu sa stair áitiúil tuilleadh taighde a dhéanamh air.

3). Chuala mé go minic daoine a rá — 'dá mbeadh ciall ag an phobal an lá sin, ní bháfaí aonduine'. Cuirtear ina leith gur chaill siad a' chloiginn, mar adeirtear. Bhal, indiadh ar léigh mé fá lá na tuile le tamall anuas, tá mé lán chinnte anois nach bhfuil an tuairim sin ag cur maith ná olc lenár tharla an lá sin. Ach sé an t-iontas é nach raibh i bhfad níos mó báite agus níl amhras ar bith ormsa ná go mbeadh ach go bé na gníomhthara gaisce a rinn a lán daoine ag tabhairt tarrthála agus an urnaí

a d'éirigh go hachaineach ó mhná agus ó fhir chuig Máthair Dé ar Fhéile a Deastóga.

Ba mhaith liom admháil a dhéanamh ar an chuidiú a fuair mé ó na foinsí seo:

1). Iarchóipeanna den Derry Journal, Freeman's Journal agus Belfast News Letter.

Alt ar 'La an Bháite' a scríobh Paidí Sheáin a Dúáltaigh in ABÚ 1957.

2). Agus do na daoine seo: Tomás Ó Cuireáin, Máire Mhic Niallais, Nuala Ní Ghallchóir, Máire Nic Giolla Easpaig, baill den Chumann Seanchais a chuir cáipéisí ar fáil domh.

Do Éamonn Mac a tSaoir, an Leabharlannaí Condae, agus do Phól Ó Gallchóir a rinne taighde domh sa Leabharlann Náisiúna.

Brúidiúlacht agus Díshealbhú

Seán Mac Fhionnlaoich

Nuir a tháinig an Tiarna George Hill go Gaoth Dobhair sa bhliain 1834 bhí 44,000 acra talaimh i seilbh na ndaoine agus beagán cíosa le díol acu. Ach chuir seisean agus an pór úr tiarnaí talaimh a tháinig ina chuideachta deireadh le sin, ghlac siad seilbh ar níos mó ná leath an talaimh, thart fa 24,000 acra agus de réir a chéile thóg siad an cios ar an chuid eile go dtí £1600.00. Ní raibh an cios ar an pharóiste uilig roimhe sin ach £660.00. Ba é seo ainchíos nach bhféadfaí a bhaint as an talamh agus leis an dlaoi mullaigh a chur ar an tubáiste mhór seo cuiredh deireadh leis an Chóras Rundale. Tugadh ar na tionónaí bochta tithe úra a thógáil, tithe a chosain ar a laghad £10.00 an ceann, costas a b'éigean dóibh féin a ioc mar ní bhfuair siad tacailocht ar bith ó na tiarnaí. Ba é George Hill a chuir túis le ainchíos, bhí sé ina cheannródaí ar a chomhthiarnaí agus rinne an t-iomlán acu aithris air. Thaobhaigh an díleis na tforánaigh, ní raibh faoiseamh le fáil ag na tionónaí bochta, d'fhulaing siad leo go foighdeach, dhíol siad an cios le airgead a gcairde ins an Astráil, i gCeanada, sna Stáit Aontaithe, in Albain agus le síntíúis ó mhórán de Shasanaigh lácha a thug tarrtháil orthu, gan trácht ar thuarastail na bpáistí a théadhlach chun an Lagáin agus na haithreacha a chaitheadh seal den bhliain in Albain.

Nuir a bhí cogadh na gcaorach ar siúl sa pharóiste sna blianta 1857-58, cuireadh £3000.00 eile de chíos orthu, cíos caorach agus péas. Ní raibh iontuanois ach sclábbaithe a thug gach pingin a shaothraigh siad don tiarna agus a bhí faoi léan agus leatrom ag ainchíos, aindlí agus ansmacht. Ach fá dheireadh thiar thall, tháinig laoch ina measc, an tAthair Séamas Mac Pháidín, eisean a ghlac ceannas orthu, a chuir cnámhroma iontu, a thug orthu muinín a bheith acu astu féin agus a shaoraigh iad ó anró agus ó chrucatan le cuidíú Chumann an Talaimh a tháinig ar an tsaoil sa bhliain 1879. Ach ní go furast a rinneadh é, bhí an troid fada, d'fhulaing sé féin agus iadsan priosúnacht agus díshealbhú sular éirigh leo ceangal na gcúig gcaol a bhí ag na tiarnaí orthu a scaoileadh agus túis a chur le saol níos fearr dóibh féin ina bparóiste dhúchais.

Thug an Canónach Mac Pháidín tacaíocht mhór do Chumann an Talaimh ón chéad lá, bhi fir an phobail páirteach ann agus é féin i gceannas orthu. Bunaíodh coiste a bhí ina pharlaimint áitiúil nach dtug aitheantas do thiarna nó do dhí na banríona. D'ordaigh an coiste úsáid a bhaint as "an Plan of Campaign", a bhí ag Cumann an Talaimh, sé sin baghcat a chur ar arm na banríona, ar na tiarnaí, ar a seirbhísigh agus ar dhaoine sa pharóiste nár chomhoibrigh leo. Idir 1880 agus 1884 bhí anró agus cruatan uafásach ar na heastáit, méadaíodh an t-ainchios, bhi díshealbhú leitheadach agus corradh mór le cúpla céad eile de arm na banríona sa pharóiste le cuidiú agus tacaíocht a thabhairt do na báillithe a bhí gnóthach ag tógáil eallaigh agus caorach as na páirceanna agus barr as na cuibhrinn. Ach theip glan orthu. Ní bhfuair tionontai Ghaoth Dobhair mórán tairbhe as Acht Talaimh Għladstone (1881) nó Acht Ashbourne (1885). Mar sin féin, dhiúltaigh siad an tromchíos a ioc go bhfaigheadh siad an laigse a bhí tuillte acu agus throid an coiste paróiste go dian dícheallach ar a son. Bhí an saol go dona acu agus mar chruthú ar sin d'admhaigh Príomh-Rúnaí na hÉireann i bparlaimint Shasana i mí Lúnasa 1886 gur cuireadh 16 tionónta as seilbh ar eastát an Rev. Nixon agus 67 eile ar eastát Hill, go raibh suas le 700 péas sa pharóiste ag cruinniu cíosa ach nach bhfuair siad ach £4.00 amach as £290.00.

Ins an bliain 1887, toghadh an Coirnéal Dopping mar stíobhard ag an tiarna Arthur Hill, eisean a chaith seal ag an Tiarna Liatrom i nDún Lúiche agus a bhí ina thíoránach cheart. Bhagair sé díshealbhú agus tithe a leagaint go talamh ach ní raibh mórán ar a shon aige mar níor éirigh leis ach 50 cíos a thógáil as 800. Bhí fir an phobail agus an Canónach Mac Pháidín ró-ábalta aige agus chuir siad bac ar gach iarracht a rinne sé chun cíos a thógáil nó tithe a leagaint. B'iontach ar fad an troid a rinne na tionontai agus go háirid na mná. I nDeireadh Fómhair 1887 bhí troid mhíllteanach i nDobhar Uachtarach nuair a thug an Coirnéal Dopping agus buíon mór saighdiúirí agus péas iarracht ar an bhaintreach Peigí Ní Bhaoill agus a teaghlach dílleachtaí a dhíshealbhú. Bhí an "Plan of Campaign" a bhí ag Cumann an Talaimh faoi lán tseoil. Chruinnigh fir an phobail i nDobhar agus an Canónach i gceannas orthu. Socraíodh an teach a chosaint, cuireadh cúigear isteach ann, an bhaintreach fein agus ceathrar eile as an chomharsanacht, beirt bhan, Máire Ní Bhaoill agus Cait Ní Dhónaill agus beirt fhear, Doimhnic Mac Ruairí a fuair príosúnacht i bPortlaoise tar éis marú an Mháirtínigh agus Eoghan Ó Baoill. Rinneadh daingean den teach ón taobh istigh, neartaíodh doirse agus fuirneoga, lónadh an teach le clocha agus méaróga, cuireadh síos craos tine agus fágadh istigh neart mónadh. Tugadh isteach neart potaí, minchoirce agus uisce a dhéanfadh scinc (brachán réidh) agus a bhruthfeadh an tuisce galach a scalfadh an diabhal as na báillithe agus a seirbhísigh. Bhí an Canónach agus slua mór fear amuigh, ag faire, ag coimheád agus ag fanacht leis an námhaid. Ní raibh an fhaire fada, siúd chucu an Coirnéal, a chuid báillithe agus níos mó ná céad péas le iad a chosaint ar an tslua a bhí ag fanacht leo.

Ní raibh na hionsaitheoirí ag dréim leis an chosaint a rinneadh ar an teach, loiteadh na báillithe, duine indiaidh an duine eile, cuij acu scallta ag scinc agus ag uisce galach agus cupla duine loite ag an chioth cloch a tháinig ón taobh istigh. Nuair a bhí na péas ag déanamh réidh leis an-

teach a ionsaí le arm tine, rinne an Canónach socrú leo. Ghéill na cosantóirí, rinneadh prósúnaigh díobh agus ag círt speisialta ar an Bhun Bheag, fuair Eoghan Ó Baoill mí phrósúnachta, Doiminic Mac Ruairí trí seachtainí, Peigí Ní Bhaoill, an bhaintreach coicís agus ligeadh an bheirt eile ban amach ar bannaí.

Gan mhoill ina dhiaidh sin, rinne an Coirnéal agus a chuid fear ionsaí ar theach le baintreach eile, Máire Ní Chnáimhsí as Baile Láir. Níor fhan ins an teach ach cúig chosantóir, an bhaintreach féin agus ceithre chomharsa, Eoghan Ó Ghallchóir, Máire Ní Ghallchóir, Maireád Ní Chnáimhsí agus Nóra Ní Ghallchóir. Mhair an t-ionsaí i rith an lae, loiteadh agus scalladh na báillithe, leagadh ballaí, tarraingeadh amach an doras agus na fuinneoga agus nuair a tháinig an rigín anuas ina mullach ghéill an baicle beag a bhí istigh. Bhí siad uilig loite agus bhí beirt acu i laige nuair a tugadh amach iad. Fuair triúr acu cúpla seachtain phrósúnachta festa ach sul a dtáinig lá na cúirte, bhí an bhaintreach Máire Ní Chnáimhsí ar shluá na marbh.

Bhí an Canónach Mac Pháidín an-chliste, saineolaí ar an dlí a ba é agus bhí sé ábalta go leor ag an Chويرéal. I gcás amháin, ní dhearna sé aon iarracht an teach a chosaint, lig sé don Chويرéal an teach a bhánú mar shíl sé féin, an trioc a chaitheamh amach ar thaobh an bhealaigh mhóir, an tine a chur as, an glas a chur ar an doras agus a aghaidh a thabhairt ar theach eile. Ach nach air a bhí an t-iontas nuair a cuireadh in iúl dó go raibh toit ag éiri as an teach agus d'réis an dlí ní fhéadfadh sé pilleadh air, eolas a thug an Canónach Mac Pháidín dó níos mó nó uair amháin.

I mí na Samhna 1887, bhí an bhua ag an Chanónach ar eastát Arthur Hill. Cuireadh an tóir ar an Chويرéal, glacadh le £1450.00 de chíos in áit £3400.00, ainchíos a bhí bainte ag an tiarna suas go dtí an 1/11/'87 gan trácht ar na £900.00 de chostaisí a cuireadh ar ceal. Le na chois sin, fuair na tionóntaí 30% laigse ar an chíos agus fuair fo-thionóntaí aitheantas ina ngabhaltais agus ón lá sin amach, bhí cearta seilbhe ag gach tionónata ar an eastát.

Ach ní raibh an troid thart go fóil sa pharóiste, ní raibh a gcearta ag iomlán na dtionóntaí mar bhí tiarnaí go leor eile i nGaoth Dobhair a bhí ina dtíoranaigh. I mí Feabhra 1888 thug an Tiarna Mr. Keys iarracht Croichshlí a bhánú ar fad go díreach mar rinne an Tiarna Adáir i nGleann Bheithe. Ach bhí an Canónach Mac Pháidín réidh, bhí fir an phobail agus na Rosann cruinn ansin aige, níos mó ní 1000 fear. Nuair a thug na báillithe, le tacafacht ó chéad péas, iarracht Donncha Ó Connacháin agus a mhuijrín a dhíshealbhú, bhí an oiread sin fear cruinn thart ar an teach nach bhféadfadh na báillithe a gníomh gráonna a dhéanamh. Ní raibh an slua ag briseadh an dlí agus mar sin de ní fhéadfadh na péas iad a ionsaí. Theip glan ar an díshealbhú agus a bhuíochas sin ar fad don Chanónach a bhí chomh heolach sin ar an dlí. Ón lá sin amach, cha dearnadh aon iarracht ar an bhaile a bhánú, leoga bhí na tionóntaí cúpla bliain gan cíos a foc. D'réis a chéile, fuair siad íslíú cíosa agus a gcearta seilbhe festa mar bhí deireadh beagnach le ré na dtiarnaí talaimh.

Ní raibh ceantar sa pharóiste a raibh an t-anró agus an cruatan ann a bhí i nGlaistobharchú, páirt de eastát an tiarna Olphert. Ins an bhliain 1884, rinneadh ionsaí indiaidh ionsaí ar an bharr ghlas sna cuibhrinn.

Thigeadh cuid seirbhísigh Olphert agus scaifte péas á gcosaint go mion minic i lár an tSamhraidh mhóir agus capaill agus carranna leo leis an chreach a thabhairt chun na bearice a bhí sa chomharsanacht. Ar thuras amháin, bhain siad coirce glas leis an bhaintreach Ní Chuireáin, le Mícheál Ó Fearraí agus le Séamas Ó Fearraí, barr a cuireadh le síol déirce. Ar shon a saothair, ní raibh leo as na cuibhrinn ach sé lód carr de choirce ghlás. Níor éirigh leis an díshealbhú nó le milleadh an bhárr bua a fháil ar na daoine agus fá dheireadh thiar thall, b' éigean don tiarna Olphert géilleadh dóibh agus a gcearta a thabhairt do gach tionónanta. Ba é seo an tiarna céanna a d'fhiach leis an reithe cogaidh a úsáid i gCloich Cheannaola agus i nGaoth Dobhair. Tugadh as Doire go dtí na Crois Bhealaigh é, an áit ar chaith sé tamall fada i gclós na bearice.

PÁIRTEANNA AN REITHE COGAIDH

1 reithe.	4 ord mhóra	I seol éadaigh.
10 ndréimire.	3 chré iarainn.	2 dhoras
4 chuaille fhada.	4 phiocáid.	4 bhraillín iarainn.
4 chuaille ghoiride.	2 shlabhra mhóra.	1 triantán le boltaí.
2 chuaille le crúite.	2 shluasaid.	4 rópa
6 chreat iarainn.	2 chrúca báid.	12 rópa don reithe.

Bhí an saol ar eastát an Rev. Nixon ar an Ghaisleán agus i mBun a Leaca beagnach comh dona leis an chruatan i nGlaisdoharchú. Tógadh an cíos ó £73.50 go dtí £193.00. Thug cúirt Coimisiún ar Talaimh air é a íslíú go dtí £155.00 sa bhliain 1884. Ach bhí díshealbhú leitheadach ar an Ghaisleán agus cuid mhór de na tionónataí ní raibh iontu ach airígh, chun go mbeadh sé furast iad a dhíshealbhú nuair a d'fhóirfeadh sé don tiarna. Mar sin féin, bhí an lá ag bánú agus thart fá 1890, fuair siad íslíú cíosa agus cearta seilbhe.

Bhí an scéal céanna amhlaidh i Mín a Chladaigh. Bhí ainchíos a dhíol ag na tionónataí leis an tiarna Joule ach ní fhéadfá an locht a fhágáil airsean ar fad ach ar an tiarna Woodhouse a thóg an cíos ó £31.00 go dtí £71.00 agus a choinnigh dhá thrian den eastát do feín. Tháinig laghdú mór ar stoc le linn an tiarna Joule. Fuair siad laigse éigin faoin acht talaimh 1881, sé sin ó £71.00 go dtí £50.00. Ach ní raibh go leor ansin mar ins an bhliain 1885, d'foc an Canónach Mac Pháidín £14.00 leis an bhaintreach Ní Bhriain a shábháil ar díshealbhú agus arís in 1886 £34.00 de airgead déirce le tuilleadh tionónataí a shábháil ar dhíogacha an bhealaigh mhóir. Ar an 16.1.1888, rinne an cigire Brett as Dún Fionnachaíd agus scaifte péas ionsaí ar Mhín a Chladaigh chun stoc a thógáil ó dhaoine a bhí ar deireadh leis an chíos. Tháinig siad le bodhránacht an lae nuair nach raibh duine nó deoraí ar a chois. Ach ní raibh i bhfad go raibh siad ina suí nó séideadh adharca agus fídeoga agus in am ghoirid, bhí t-aos óg na mbailte sa tóir orthu. D'ionsaigh na péas iad ar ordú an chigire le beaignítí agus smaichtíní, agus loiteadh go holc triúr caillín, Máire Nic Eachmharcaigh a loiteadh sa druim le beaignit, Bríd Ní Chuireáin a fuair buille sa chloigeann agus Máire Ní Dhúgáin a fuair

sucadh sa tsúil le beaignit cloigide. Gabhadh buachaill óg agus bean aosta ach fuair siad cead a gcinn nuair a tháinig an Canónach chun na bearice. Ar son a saothair, ní raibh ag na péas ach dhá bhó agus capall a b'éigean dóibh a choinneáil sa bheairic ar feadh chúpla lá. Lean an troid ar feadh bliana ach i ndeireadh na dála, b'éigean don tiarna Joule géilleadh, íslíu fiúntach a thabhairt do na tionóntaí ar an chíos agus a gcearta a thabhairt dóibh.

Bhí Cnoc Fola amhlaidh. Tharlaigh rudaí uafásacha ar an bhaile chéanna ach tá sé ráite nach ar an tiarna Mrs. Stewart a bhí an locht ach ar a comhairleoír.

Ins an bhliain 1880, tugadh ar chuid de na tionóntaí cíos na mbocht a íoc go neamhdhhlíthiúil mar go raibh an luacháil a bhí orthu i bhfad faoi £4.00. Beirt acu sin nó Pádraig Mac Pháidín agus Seán Mac Géidí. Ins an bhliain 1887, bhí seacht dtionónta le díshealbhú mar bhí £99.00 de fhiacha orthu agus dhá thrian de sin ina chostais a cuireadh leis an chíos. Rinne na tionontai ionsaí ar na báillithe agus ar na péas agus de thairbhe sin, fuair ochtar acu sé mhí príosúnachta, an baile amháin inár tharlaigh a leithéid sa pharóiste. Gan mhoill ina dhiaidh sin, tugadh iarracht eile ar iad a chur amach sna díogacha agus i gcois claíocha ach bhí an Canónach agus cúpla céad fear ag fanacht leo ar ghualainn Chnoc Fola. Cheistigh an Canónach an báille agus fuair sé amach nach raibh aithne aige ach ar thiononta amháin i gceantar Chnoc Fola agus go raibh sé chun cuairt a thabhairt ar iomlán na dtithe. Nuair a thuig na seirbhísigh agus na péas an scéal, phill an t-iomlán acu ar óstán Ghaoth Dobhair, agus ón lá sin amach, níor cuireadh isteach nó amach ar na tionontai. Díoladh cuid de na fiacha le airgead déirce agus chuir sin deireadh le ainchíos agus le achrann i gCnoc Fola.

